An Roinn Oideachais
Department of Education

# Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna

## Lámhleabhar

# NÓTA

NÍ LÉIRIÚ DLÍTHIÚIL AN LÁMHLEABHAR SEO AR NA FORÁLACHA AOISLIÚNTAS REATHA D'OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS CHÁILITHE AR PHÁROLLA NA ROINNE OIDEACHAIS, NÁ NÍ MHAÍTEAR INA LEITH GO NDÉILEÁLTAR ANN LE GACH FIOSRÚ A D'FHÉADFADH TEACHT CHUN CINN. TÁ CÚRAM DÉANTA LENA CHINNTIÚ GO BHFUIL SÉ CRUINN ACH NÍ FÉIDIR LE RUD AR BITH RIALACHA NA SCÉIME A SHÁRÚ, MAR ATÁ LEAGTHA AMACH I REACHTAÍ ÁBHARTHA (LENA N-ÁIRÍTEAR *AN tACHT COMHDHLÚITE CÁNACH 1997*), RIALACHÁIN AGUS DOICIMÉADÚ OIFIGIÚIL EILE*.*

# RÉAMHRÁ

Ní bhaineann an lámhleabhar seo ach leis an Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna. Tá faisnéis faoin Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí, a bhaineann le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ó thús na bliana 2013, le fáil ag
httpa://singlepensionscheme.gov.ie/

Aonad na bPinsean (An Roinn Oideachais)

CLÁR ÁBHAR

## BALLRAÍOCHT


1. Ballraíocht


## SOCHAIR AGUS COINNÍOLLACHA MAIDIR LE SOCHAIR


2. Forbhreathnú ar shochair
3. Tosca a chinneann sochair
4. Ráta ÁSPC
5. Ranníocaíochtaí
6. Coinníollacha cáilitheachta le haghaidh sochar


## SEIRBHÍS INPHINSIN


7. Seirbhís inríofa le haghaidh sochar
8. Ináiritheacht seirbhíse lánaimseartha
9. Ináiritheacht seirbhíse páirtaimseartha, lena n-áirítear seirbhís pháirtaimseartha roimhe sin nach raibh inphinsin ag an am
10. Seirbhís roinnte oibre agus phostroinnte
11. Sos gairme
12. Saoire gan phá
13. Seirbhís roimhe seo san earnáil phoiblí
14. Seirbhís bharúlach a cheannach chun sochair a mhéadú nó a uasmhéadú


## AOIS SCOIR AGUS RÍOMHANNA PINSIN


15. Aois scoir agus aois íosta pinsin
16. Luach saothair inphinsin
17. Ríomh cnapshuime scoir
18. Ríomh pinsin
19. Scor ó fhostaíocht pháirtaimseartha

20. Pinsean Forlíontach

21. Éirí as seirbhís

22. Sochair chaomhnaithe

23. Luathscor Neodrach ó thaobh Costais

24. Scor ar fhorais leighis

25. Aiscí

## SOCHAIR BÁIS

26. Bás i seirbhís agus bás tar éis imeacht as seirbhís

27. Sochair Marthanóirí agus Leanaí

## IARRATAS AR SHOCHAIR AGUS ÍOCADH

28. Iarratas ar shochair (lena n-áirítear dearbhuithe)

29. Pinsin a íoc

## FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

30. Pinsean a laghdú

31. Impleachtaí na nAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

32. Réiteach díospóidí agus achomhairc

33. Coigeartuithe Pinsin

34. Faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí aoisliúntais

35. Cánachas

36. Caibidil 4 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 a mhéid a bhaineann leis an Scéim Pinsean Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna

Aguisín 1: Luathscor Neodrach ó thaobh Costais – táblaí de fhachtóirí laghdaithe achtúireacha

Aguisín 2: Seirbhís Bharúlach a Cheannach – táblaí na ranníocaíochtaí iníoctha

Aguisín 3: Seirbhís Bharúlach a Cheannach – táblaí de fhachtóirí laghdaithe achtúireacha

# SCÉIM PINSIN IATA D'OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS CHÁILITHE I mBUNSCOILEANNA AGUS MEÁNSCOILEANNA

## BALLRAÍOCHT

### 1. BALLRAÍOCHT

1.1 Baineann Ballraíocht na **Scéime Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna** (Scéim na nOifigeach Cléireachais) le hOifigigh Chléireachais buana atá fostaithe ag bunscoil nó iar-bhunscoil:

- atá i mbun seirbhíse an 1 Deireadh Fómhair 1985[1] nó ina dhiaidh sin agus roimh an 2 Meán Fómhair 2008;
- a íoctar go díreach ag an Roinn Oideachais, i.e. atá ar phárolla na Roinne Oideachais; agus
- nach baill iad den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (féach roinn 1.3).

Tá ballraíocht i Scéim na nOifigeach Cléireachais éigeantach do dhaoine dá leithéid.

1.2 Chomh maith le sochair scoir do bhaill, cuireann Scéim na nOifigeach Cléireachais pinsin ar fáil freisin do mharthanóirí agus/nó leanaí cleithiúnacha na mball a fhaigheann bás i seirbhís nó tar éis dóibh cáiliú do phinsean nó pinsean caomhnaithe.

1.3 I gcoitinne, tá daoine ar thosaigh a bhfostaíocht mar Oifigigh Chléireachais ar phárolla na Roinne Oideachais ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill de **Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.** Tá eolas faoin scéim sin le fáil ag [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

---

[1] Bhí ballraíocht sa scéim éigeantach dóibh siúd a ceapadh ó Dheireadh Fómhair 1985 amach. Leathnaíodh an rogha chun dul isteach sa scéim dóibh siúd a bhí i seirbhís i 1985.

# SOCHAIR AGUS COINNÍOLLACHA MAIDIR LE SOCHAIR

## 2. FORBHREATHNÚ AR SHOCHAIR

2.1 Is iad seo a leanas na sochair a sholáthraíonn an Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna:

- Cnapshuim scoir agus pinsean (ailt 17 agus 18)
- Pinsean caomhnaithe agus cnapshuim – do bhaill cáilithe a éiríonn as roimh aois íosta pinsin (alt 22)
- Luathscor Neodrach ó thaobh Costais – cuireann an áis seo ar chumas pinsin atá laghdaithe go hachtúireach agus cnapshuimeanna scoir a íoc le baill ar mian leo dul ar scor suas go dtí 10 mbliana roimh aois íosta pinsin (alt 23)
- Scor ar chúiseanna leighis – cnapshuim agus pinsean (alt 24)
- Aisce bháis (alt 26)
- Pinsin Marthanóirí agus Leanaí (alt 27)

## 3. TOSCA A CHINNEANN SOCHAIR

3.1 Braitheann sochair aoisliúntais i Scéim na nOifigeach Cléireachais ar roinnt tosca, agus is iad seo a leanas na cinn is tábhachtaí díobh:

- **Seirbhís Ináirithe,** lena n-áirítear:
  - seirbhís inphinsin iarbhír (blianta agus laethanta a oibríodh)
  - seirbhís bharúlach, ar féidir a cheannach
  - blianta breise de bharr drochshláinte, i gcásanna cáilitheacha scoir ar fhorais leighis

- **Luach Saothair Inphinsin,** arb é atá ann go bunúsach leibhéal an tuarastail tráth scoir, éirí as oifig nó bás le linn seirbhíse

3.2 Caithfidh gach ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais na ranníocaíochtaí cuí a íoc (féach roinn 5).

## 4. RÁTA ÁSPC

4.1 Íocann na hOifigigh Chléireachais uile ÁSPC ag an ráta iomlán – ÁSPC Aicme A.

## 5. RANNÍOCAÍOCHTAÍ

### Sainmhínithe agus ríomh

5.1 Íocann na baill ranníocaíochtaí i Scéim na nOifigeach Cléireachais mar a leanas:

(a) Le haghaidh **sochair scéime pearsanta**:
- (i) 1.5% den **luach saothair inphinsin comhlán**
  MÓIDE
- (ii) 3.5% den **ghlanluach saothair inphinsin**

MÓIDE

(b) Le haghaidh **sochar cleithiúnach** (Sochair Marthanóirí agus Leanaí):
- 1.5% den **ghlanluach saothair inphinsin.**

Ciallaíonn **luach saothair inphinsin comhlán** tuarastal arna shloinneadh ar bhonn oibre lánaimseartha.

Ciallaíonn **glanluach saothair inphinsin** (ar a dtugtar pá comhordaithe freisin ) luach saothair inphinsin comhlán lúide dhá oiread uasráta pearsanta an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC).

5.2 Mar sin is iad seo a leanas na ranníocaíochtaí iomlána a asbhaintear ó bhaill na Scéime:

- 1.5% den luach saothair inphinsin comhlán
  MÓIDE
- 5.0% den ghlanluach saothair inphinsin

### Ríomh i gcás daoine atá ag roinnt oibre, postroinnteoirí agus baill pháirtaimseartha

5.3 Nuair a oibríonn baill ar bhonn páirtaimseartha (lena n-áirítear roinnt oibre agus postroinnt), íocann siad ranníocaíochtaí ar bhonn pro rata. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an ranníocaíocht iomlán atá dlite ó bhall den sórt sin mar seo a leanas:

- ag oibriú amach ar dtús an méid a d'íocfadh an ball dá mbeadh siad ag obair go lánaimseartha (féach roinn 5.1 thuas); agus
- ansin ag cur ar an méid sin an patrún oibre ar leith (e.g. 50%, 80%) a chuireann síos ar thinreamh ar conradh nó ar uainchlár an bhaill (FTE).

### Samplaí

5.4 Léirítear ríomhanna pinsin na mball in dhá shampla anseo thíos. Tabhair faoi deara gurb é ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) a úsáidtear ar fud an Lámhleabhair seo ná €248.30, an ráta íocaíochta seachtainiúla amhail 1 Meán Fómhair 2021.

**Sampla 1 :**
Íocann Oifigeach Cléireachais **atá ag obair go lánaimseartha** ar thuarastal €40,590 ranníocaíochtaí a oibrítear amach mar seo a leanas:

- Luach saothair inphinsin comhlán = €40,590
- Pinsean Stáit (Ranníocach) = €12,956 [€248.30 (seachtainiúil) x 52.18]
- Pinsean Stáit x 2 = €25,913
- Glanluach saothair inphinsin = €40,590 – €25,913 = €14,677
- 1.5% den luach saothair inphinsin comhlán = €609
- 5.0% den ghlanluach saothair inphinsin = €734

**Ranníocaíocht iomlán atá dlite** **= €1,343** (€609 + €734)

**Sampla 2:**
Íoctar Oifigeach Cléireachais páirtaimseartha le **patrún oibre 60%** ar bhonn tuarastail bhliantúil, arna léiriú i dtéarmaí lánaimseartha, de €46,466. Íocann sé ranníocaíochtaí arna ríomh mar atá leagtha amach thíos. Tabhair faoi deara go n-oibríonn an modh ríofa an ranníocaíocht iomlán atá dlite amach ar dtús amhail is dá mbeadh sé ag obair go lánaimseartha, agus is ina dhiaidh sin amháin a chuireann sé sin i bhfeidhm laghdú pro-rata 60% bunaithe ar a phatrún oibre.

- Luach saothair inphinsin comhlán (tuarastal) = €46,466
- Pinsean Stáit (Ranníocach) = €12,956 [€248.30 (seachtainiúil) x 52.18]
- Pinsean Stáit x 2 = €25,913
- Glanluach saothair inphinsin = €46,466 – €25,913 = €20,553
- 1.5% den luach saothair inphinsin comhlán = €697
- 5.0% den ghlanluach saothair inphinsin = €1,028
- Ranníocaíocht iomlán roimh choigeartú pro-rata = €1,725 (€697 + €1,028)

**Ranníocaíocht iomlán atá dlite 60% pro-rata** **= €1.035**

## 6. COINNÍOLLACHA CÁILÍOCHTA DO SHOCHAIR

6.1 I gcás ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais a fhágann fostaíocht ar 2 Meitheamh 2002 nó ina dhiaidh, is íostréimhse seirbhíse de **dhá bhliain féilire í an tseirbhís cháilitheach,** is cuma an freastal lánaimseartha, roinnt oibre, postroinnt nó páirtaimseartha rialta é. Mar shampla, dhá bhliain féilire atá idir 1 Meán Fómhair 2010 agus 31 Lúnasa 2012. Áirítear seirbhís aistrithe agus seirbhís ináirithe roimhe sin mar chuid de sheirbhís cháilitheach freisin. Tugtar an **tréimhse dílseacháin** freisin ar an tréimhse cháilitheacha seirbhíse seo de dhá bhliain féilire. Is í an tseirbhís íosta a theastaíonn le bheith i dteideal Sochar Scoir, ach ní le haghaidh Sochair Báis i Seirbhís.

6.2 Roimh 2 Meitheamh 2002, sainmhíníodh seirbhís cháilitheach mar íostréimhse **cúig bliana de sheirbhís inphinsin iarbhír.** Agus seirbhís inphinsin iarbhír á thomhas, ní áirítear obair pháirtaimseartha ach pro rata le, nó i gcomhréir le, seirbhís lánaimseartha. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, gur trí bliana de sheirbhís inphinsin iarbhír is ea 6 bliana de sheirbhís pháirtaimseartha ar phatrún oibre 50%.

# SEIRBHÍS INPHINSIN

## 7. INÁIRITHEACHT SEIRBHÍSE DO SHOCHAIR

7.1 Tá an tseirbhís seo a leanas ináirithe do shochair:

- Seirbhís inphinsin sa Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna

- Seirbhís lánaimseartha shealadach atá inphinsin ar bhonn leanúnach, nó seirbhís lánaimseartha shealadach nach raibh inphinsin nuair a tugadh an tseirbhís ach is féidir a áireamh anois chun críocha pinsin

- Seirbhís pháirtaimseartha (féach roinn 9)

- Seirbhís aistrithe

- Seirbhís bhreise nó seirbhís a cuireadh sa bhreis maidir le blianta breisithe drochshláinte (féach roinn 24) nó ceannach blianta breise faoin Scéim um Seirbhís Bharúlach a Cheannach (féach roinn 14)

- Seirbhís áirithe a bhféadfadh aisce nó aisíocaíocht ranníocaíochtaí a bheith faighte ag an mball ina leith cheana féin

7.2 Chun seirbhís a bheith ináirithe, ní mór na ranníocaíochtaí cuí a íoc.

7.3 Ón 28 Iúil 2012 ar aghaidh, ní féidir le comhiomlán seirbhíse ináirithe de chuid seirbhísigh phoiblí chun críocha aoisliúntais thar gach scéim pinsean seirbhíse poiblí (gan an Scéim Aonair san áireamh) dul thar 40 bliain. Tá sé seo faoi réir na heisceachta, más rud é, ar 27 Iúil 2012, go bhfuil seirbhís de bhreis ar 40 bliain tuillte i níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin, go gcuirfear teorainn leis an tseirbhís atá fabhruithe ar an dáta sin. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoin teorainn seirbhíse seo, féach roinn 36.2.

## 8. INÁIRITHEACHT SEIRBHÍSE LÁNAIMSEARTHA

8.1 Tá Seirbhís Lánaimseartha ináirithe bunaithe ar líon na mblianta agus na laethanta a bhfuil an ball fostaithe dóibh.

**Sampla:**
Tá ball atá ag obair go lánaimseartha fostaithe ón 1 Meán Fómhair 2003 go 31 Nollaig 2020. Tá sé seo inríofa mar seo a leanas:

- 1 Meán Fómhair 2003 go 31 Lúnasa 2020 = 17 mbliana
- 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Nollaig 2020 = 122 lá

Sa chás seo, **is é 17.3342 bliain an tseirbhís ináirithe chun críocha sochair phinsin.** Ríomhtar é seo mar seo a leanas:

- Blianta iomlána: 17
  MÓIDE
- Páirtbhliana: (122/365) = 0.3342

Tabhair faoi deara gur 365, ní 365.25, an rannóir do pháirtbhliana i gcónaí.

8.2 Íoctar ranníocaíochtaí ar bhonn leanúnach le haghaidh seirbhíse lánaimseartha buan.

## 9. RANNÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍS PHÁIRTAIMSEARTHA, LENA nÁIRÍTEAR SEIRBHÍS PHÁIRTAIMSEARTHA ROIMHE NACH RAIBH INPHINSIN AG AN AM

9.1 Nuair a oibríonn baill ar bhonn páirtaimseartha faoi láthair (lena n-áirítear roinnt oibre agus postroinnt), íocann siad ranníocaíochtaí ar bhonn pro-rata. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an ranníocaíocht iomlán atá dlite ó bhall den sórt sin mar seo a leanas:

- ag oibriú amach ar dtús an méid a d'íocfadh an ball dá mbeidís ag obair go lánaimseartha (féach ranna 5.1(a) agus (b) thuas);
- ansin ag cur ar an méid sin an patrún oibre ar leith (e.g. 50%, 80%) a bhaineann leis an mball.

9.2 Seo a leanas an costas a bhaineann le seirbhís pháirtaimseartha **roimhe sin** a ríomh:

- 1.5% den reatha pá inphinsin coibhéiseach lánaimseartha reatha
- móide 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin reatha (pá reatha comhordaithe)

in aghaidh gach bliana agus cuid di de sheirbhís pháirtaimseartha ináirithe roimhe sin arna ríomh ar thuarastal inphinsin ag dáta an iarratais.

9.3 Déantar ranníocaíochtaí gan íoc atá dlite i dtaca le seirbhís níos luaithe a aithnítear mar sheirbhís inphinsin a bhaint as an gcnapshuim scoir.

9.4 Ní áirítear ranníocaíochtaí dlite do shochair marthanóirí agus leanaí (S&C) i ríomh na ranníocaíochtaí atá dlite maidir le seirbhís níos luaithe. Féadfaidh ball rogha a dhéanamh ranníocaíochtaí breise S&C de 1.5% den ghlanluach saothair inphinsin a íoc thar an tréimhse chomhfhreagrach seirbhíse (i.e. tréimhse chomhoiriúnaithe seirbhíse le háireamh). Mura roghnaíonn an ball amhlaidh, bainfear 1% den tuarastal scoir do gach bliain nó cuid de dhliteanas S&C as an gcnapshuim scoir.

## 10. SEIRBHÍS ROINNTE OIBRE AGUS PHOSTROINNTE

10.1 Ciallaíonn roinnt oibre/postroinnt go n-oibríonn ball níos lú uaireanta ná mar chomparadóir lánaimseartha (i.e. laghdaítear na huaireanta a oibrítear don tréimhse roinnte oibre nó postroinnte). De réir fhorálacha Scéim na nOifigeach Cléireachais, cuirtear seirbhís inphinsin pro rata de shochar do roinnteoir oibre /postroinnteoir maidir le gach bliain de sheirbhís roinnte oibre/phostroinnte. Má théann duine atá ag roinnt oibre/postroinnt ar scor agus iad ar uaireanta laghdaithe, bunaítear sochair phinsin ar **choibhéis lánaimseartha** a dtuarastail ag am scoir.

## 11. SOS GAIRME

11.1 Níl sosanna gairme inríofa chun críocha pinsin toisc gur tréimhsí saoire gan phá iad. Mar sin féin, féadfaidh ball den Scéim Pinsin a bhfuil ar a laghad naoi mbliana de sheirbhís ionchasach acu faoi 65 bliain d’aois seirbhís a cheannach i leith a sos gairme de réir na dteorainneacha i roinn 14. Tá dhá bhealach ann inar féidir le ball seirbhís a cheannach chun tréimhse a sosa gairme a dhéanamh ináirithe chun críocha pinsin.

(a) **Nuair a fhilleann ball ar fhostaíocht:**
Is féidir le ball rogha a dhéanamh an sos gairme a cheannach trí sheirbhís bharúlach a cheannach don tréimhse chéanna seirbhíse (nó níos lú). Féadfar an ranníocaíocht atá dlite a dhéanamh trí chnapshuim a íoc nó trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla as tuarastal a íoc i gcás ina gcinnfidh an ball bliain amháin ar a laghad a cheannach. Ní mór rogha maidir le ceannach ar chnapshuim a dhéanamh laistigh de shé mhí tar éis filleadh ar dualgas. Bunófar costas na híocaíochta cnapshuime ar thuarastal an bhaill ar an dáta a dhéanfar an rogha, agus déanfar an ráta a ríomh ar an aois ar an gcéad bhreithlá eile de réir na dtáblaí um seirbhís bharúlach a cheannach in Aguisín 2.

(b) **An caillteanas seirbhíse a cheannach nuair atáthar ar shos gairme:**
Féadfar an caillteanas seirbhíse agus an ball ar shos gairme a cheannach nuair atá an ball ar an sos gairme. Sa chás seo, beidh an ranníocaíocht bunaithe ar an ráta tuarastail ar dháta deiridh na seirbhíse íoctha roimh thús an tsosa gairme agus cuirfear san áireamh aon athruithe tuarastail a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn an tsosa gairme. Tá an ráta ranníocaíochta bunaithe ar na rátaí cnapshuime ceannaigh de réir na dtáblaí um seirbhís bharúlach a cheannach in Aguisín 2 agus socraítear é de réir aois an bhaill ar an gcéad bhreithlá eile an tráth a bhfuil an íocaíocht ráithiúil dlite á ríomh. Tá dhá ráta éagsúla ann, agus braithfidh an ráta a bheidh i bhfeidhm ar cibé acu 60 bliain d’aois nó 65 bliain d’aois aois scoir íosta an bhaill. Is iad na rátaí atá ar fáil ná na rátaí sa tábla ceannach-go-aois-65, ar a bhfuil an lipéad Tábla B in Aguisín 2. Tá sé seo mar gheall ar 65 bliana d'aois a bheith mar aois scoir íosta d'iontrálaithe nua.

## 12. SAOIRE GAN PHÁ

12.1 Níl saoire gan phá nó saoire bhreoiteachta a íoctar ag an ráta Luach Saothair Athshlánaithe Sealadach (TRR) inríofa chun críocha pinsin. Le linn tréimhsí saoire den sórt sin ní raibh an ball ag fáil aon tuarastal, agus mar sin níor baineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais.

12.2 Seo a leanas samplaí de thréimhsí neamhináirithe saoire nó neamhláithreachta gan phá: saoire thuismitheora gan phá, saoire mháithreachais gan phá, sosanna gairme, saoire speisialta gan phá agus laethanta stailce.

## 13. SEIRBHÍS ROIMHE SEO SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

13.1 De ghnáth is féidir seirbhís phoiblí roimhe a aistriú isteach i Scéim na nOifigeach Cléireachais, faoi réir rialacha Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí. Sa chás go bhfuil ranníocaíochtaí maidir le seirbhís níos luaithe gan íoc, ní mór iad seo a aisíoc leis an bhfostóir reatha de réir rialacha an Líonra Aistrithe.

13.2 Má fuair an ball aisíocaíocht ranníocaíochtaí ó aon chomhlacht earnála poiblí sa Líonra Aistrithe Earnála Poiblí in ionad aon sochar scoir, is féidir leis an mball an tseirbhís seo a athbhunú trí na ranníocaíochtaí cuí a íoc (i.e. an aisíocaíocht chomhlán choigeartaithe a fuarthas a aisíoc) chuig an bhfostóir reatha. Sa chás gur tugadh asbhaintí PRD (Asbhaint A Bhaineann le Pinsean) nó ASC (Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais) ar ais don bhall ar scor d'fhostaíocht freisin ní mór an méid seo a aisíoc, móide ús iolraithe, leis an iarfhostóir chun an tseirbhís a athbhunú.

13.3 Más rud é go raibh seirbhís roimhe seo ag an mball i gcomhlacht poiblí eile nach raibh inphinsin tráth a fhostaíochta ach a bheadh inphinsin dá mbeadh an ball fós fostaithe san eagraíocht sin (i.e. seirbhís pháirtaimseartha), is féidir an tseirbhís seo a aistriú trí Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí agus ríomhtar é ar íocaíocht na ranníocaíochtaí cuí dlite. Ceadaítear aistriú den sórt sin cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an ball dílsithe.

13.4 Ní bhaineann an rogha aistrithe ach le heagraíochtaí atá mar chuid de Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí nó den Líonra Aistrithe Rialtais Áitiúil. Tá Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí á riar faoi rialacha atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coinníonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe liosta eagraíochtaí atá faofa le haghaidh rannphháirtíochta i Líonra Aistrithe na Seirbhíse Poiblí.

## 14. SEIRBHÍS BHARÚLACH A CHEANNACH CHUN SOCHAIR A MHÉADÚ NÓ A UASMHÉADÚ

14.1 Tá Scéim um Seirbhís Bharúlach a Cheannach ann a ligeann do bhaill nach bhfuil pinsean iomlán acu ag am scoir blianta breise a cheannach chun cuid den difríocht nó an difríocht ar fad a chúiteamh.

**Coinníollacha agus Rátaí Ceannaigh**

14.2 Tá teorainneacha ar an méid seirbhíse is féidir a cheannach.

| Seirbhís Ináirithe Iarbhír (lena n-áirítear seirbhís aistrithe agus seirbhís iarbhír roimhe sin a "ceannaíodh ar ais", ach gan blianta barúlacha ceannaithe agus blianta breise barúlacha a áireamh) a bheadh ag an mball dá bhfanfaidís i seirbhís go dtí 60 nó 65 bliana d'aois mar is cuí (Blianta FTE) | Uasmhéid seirbhíse is féidir a cheannach |
|---|---|
| 20 bliain nó níos mó | Difríocht idir 40 bliain agus seirbhís ináirithe ag aois 60 nó 65 mar is cuí |
| 19 mbliana | 17 mbliana |
| 18 mbliana | 15 bliana |
| 17 mbliana | 13 bliana |
| 16 bliana | 11 bhliain |
| 15 bliana | 9 mbliana |
| 14 bliana | 7 mbliana |
| 13 bliana | 5 bliana |
| 12 bliain | 4 bliana |
| 11 bliain | 3 bliana |
| 10 mbliana | 2 bhliain |
| 9 mbliana | 1 bhliain |

**Tá na teorainneacha thuas faoi réir ag an srian sáraitheach nach dtéann an méid seirbhíse atá ináirithe móide an tseirbhís bharúlach atá á ceannach thar 40 bliain.**

14.3 Athraíonn rátaí ranníocaíochta de réir aoise. Braitheann rátaí freisin ar cibé an bhfuil an ceannach ag tagairt d'aois 60 (infheidhme ach amháin maidir le baill foirne a bhí fostaithe roimh 1 Aibreán 2004) nó le 65 bliain d'aois. Tá na rátaí ceannaigh leagtha amach in Aguisín 2.

14.4 Ní mór do bhaill ar mian leo seirbhís bharúlach a cheannach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) Ní mór a bheith i seirbhís.
(b) Ní mór ar a laghad naoi mbliana de sheirbhís inphinsin iarbhír a bheith acu (i.e. gan seirbhís bharúlach a áireamh) go dtí 60 nó 65 bliana d'aois mar is cuí.
(c) Ní féidir a bheith ar saoire bhreoiteachta, ar shaoire speisialta gan phá, nó ar fionraí ó dhualgas (le pá nó gan phá) nó ar dóigh dóibh dul ar scor ar chúiseanna leighis.

### Roghanna ceannaigh

14.5 Tá dhá mhodh ann chun seirbhís bharúlach a cheannach:

| | |
|---|---|
| **(a) Asbhaintí tréimhsiúla** | Is éard atá i gceist leis seo ranníocaíochtaí breise a íoc as tuarastal, gach íocaíocht bunaithe ar an ráta infheidhmithe ag an gcéad lá breithe eile a bheidh ag an mball agus leanúint suas go dtí 60 nó 65 bliana d'aois de réir mar is infheidhme. Toisc go bhfuil sé bunaithe ar chéatadán seasta, méadóidh méid na híocaíochta de réir mar a mhéadaítear tuarastail. Is féidir an rogha seo a dhéanamh ag am ar bith suas le dhá bhliain roimh an aois scoir chuí. |
| **(b) Ranníocaíocht cnapshuime** | Is éard atá i gceist leis seo ranníocaíocht aonuaire a íoc bunaithe ar thuarastal an tráth a fheidhmítear an rogha, agus an ráta bunaithe ar aois an bhaill ar an gcéad bhreithlá eile. Is féidir an rogha seo a dhéanamh uair amháin i mbliain féilire ar choinníoll gur 10% nó níos mó den phá comhlán é. |

14.6 Maidir leis an aois-a-ceannaíodh-chuici, is é seo a leanas staid na mball a chomhlíonann na coinníollacha chun seirbhís bharúlach a cheannach ar shlí eile:

- Is féidir le baill nach iontrálaithe nua iad ceannach go dtí aois 60 nó go 65 bliain d'aois.
- Is féidir le baill ar iontrálaithe nua iad ceannach go dtí aois 65 amháin.

Féach roinn 15.3 chun sainmhíniú a fháil ar iontrálaí nua.

### Obair pháirtaimseartha agus neamhláithreacht gan phá

14.7 Sa chás go n-íoctar níos lú ná tuarastal iomlán le ball ar feadh tréimhse ar bith, déantar ranníocaíochtaí a ríomh agus a asbhaint amhail is dá mbeadh tuarastal iomlán iníoctha don tréimhse sin. Mar sin féin, ní dhéantar aon asbhaintí le linn aon tréimhsí neamhláithreachta gan phá - i gcásanna den sórt sin laghdaítear an creidmheas seirbhíse maidir le seirbhís cheannaithe ag baint úsáide as foirmle shocraithe.

**Samplaí de cheannach**

14.8 Tá dhá chás shamplacha de sheirbhís bharúlach a cheannach leagtha amach thíos:

**Sampla 1:**
Is mian le ball bliain amháin de sheirbhís bharúlach a cheannach ag 52 bliain d'aois. Tá tuarastal €40,590 in aghaidh na bliana ag an mball agus thosaigh siad ar seirbhís roimh 1 Aibreán 2004 (i.e. ní iontrálaí nua iad – féach roinn 15.3).

| Rogha | Aois scoir | An ráta is infheidhme ag 53 bliana d'aois | Costas ceannaigh |
|---|---|---|---|
| Asbhaint thréimhsiúil | 65 | 0.29% den tuarastal comhlán móide 1.87% den tuarastal glan* | (€40,590 x 0.29%) + ((€40,590 – €25,913) x 1.87%) = €392.17 in aghaidh na bliana (costas tosaigh**) go dtí 65 bliana d'aois |
| Asbhaint thréimhsiúil | 60 | 0.51% den tuarastal comhlán móide 3.74% den tuarastal glan* | (€40,590 x 0.51%) + ((€40,590 – €25,913) x 3.74%) = €755.93 (costas tosaigh**) in aghaidh na bliana go dtí 60 bliain d'aois |
| Cnapshuim | 65 | 22.5% den tuarastal | €40,590 x 22.5% = €9,132.75 |
| Cnapshuim | 60 | 26.0% den tuarastal | €40,590 x 26.0% = €10,553.40 |

* Is éard atá sa tuarastal glan an tuarastal comhlán lúide dhá oiread ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC). Is é an ráta SPC seachtainiúil ná €248.30 (ráta ag Meán Fómhair 2021) mar sin is é an fritháireamh ná €248.30 x 52.18 x 2 = €25,913 in aghaidh na bliana.

** Ós rud é gur ranníocaíocht ar bhonn céatadáin í, ardóidh an costas bliantúil tosaigh thar thréimhse an chomhaontaithe ceannaigh de réir mar a mhéadaítear tuarastail. Beidh tionchar freisin ag aon athruithe ar ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) ar an gcostas bliantúil.

**Sampla 2:**
Is mian le ball bliain amháin de sheirbhís bharúlach a cheannach ag 44 bliain d'aois. Tá tuarastal €36,642 in aghaidh na bliana ag an mball agus thosaigh siad ar seirbhís tar éis 1 Aibreán 2004 (i.e. is iontrálaí nua iad – féach roinn 15.3 ).

| Rogha | Aois scoir | An ráta is infheidhme ag 45 bliana d'aois | Costas ceannaigh |
|---|---|---|---|
| Asbhaint thréimhsiúil | 65 | 0.17% den tuarastal comhlán móide 1.13% den tuarastal glan* | (€36,642 x 0.17%) + ((€36,642 – €25,913) x 1.13%) = €183.53 in aghaidh na bliana (costas tosaigh**) go dtí 65 bliana d'aois |
| Cnapshuim | 65 | 28.0% den tuarastal | €36,642 x 28.0% = €10,259.76 |

Toisc gur iontrálaí nua é/í an ball seo, ní féidir leis nó léi seirbhís bharúlach a cheannach ach amháin faoi thagairt do 65 bliain d'aois mar gurb í seo an aois íosta le haghaidh íocaíocht pinsin.

* Is éard atá sa tuarastal glan an tuarastal comhlán lúide dhá oiread ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC). Is é an ráta SPC seachtainiúil ná €248.30 (ráta ag Meán Fómhair 2021) mar sin is é an fritháireamh ná €248.30 x 52.18 x 2 = €25,913 in aghaidh na bliana.

** Ós rud é gur ranníocaíocht ar bhonn céatadáin é, ardóidh an costas bliantúil tosaigh thar thréimhse an chomhaontaithe ceannaigh de réir mar a mhéadaítear tuarastail. Beidh tionchar freisin ag aon athruithe ar ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) ar an gcostas bliantúil.

**Conradh ceannaigh do seirbhís bharúlach a chur ar ceal**

14.9 Ní féidir rogha ceannaigh thréimhsiúil a chúlghairm go hiomlán nuair a bhíonn tús curtha le híocaíochtaí. Mar sin féin, féadfaidh ball ar mian leo scor de ranníocaíochtaí tréimhsiúla é sin a dhéanamh, trí fhógra a thabhairt, i scríbhinn, go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an comhaontú ceannaigh a chur ar ceal. Cuirfear deireadh leis na hasbhaintí as tuarastal ón gcéad íocaíocht tuarastail eile a bheidh ar fáil. Ríomhtar an creidmheas seirbhíse fabhraithe suas go dtí an dáta sin leis an bhfoirmle:

$$\frac{A \times B}{C}$$

nuair:

- A = líon na mblianta de sheirbhís bharúlach a roghnaigh an ball a cheannach ar dtús;
- B = an tréimhse a ndearnadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla lena linn; agus
- C = an tréimhse iomlán inar cheart ranníocaíochtaí tréimhsiúla a bheith déanta dá mbeadh an comhaontú ceannaigh críochnaithe ag an mball.

14.10 Úsáidtear an fhoirmle i roinn 14.9 freisin chun an creidmheas seirbhíse a ríomh ag cur san áireamh ranníocaíochtaí caillte le linn comhaontú ceannaigh tréimhsiúil (e.g. mar gheall ar thréimhse saoire speisialta gan phá) nó ag dul ar scor nó ag fágáil roimh thréimhse an chonartha ceannaigh a bheith críochnaithe.

14.11 Léiríonn an sampla thíos conas a oibríonn cealú conartha ceannaigh:

**Sampla**
Thosaigh ball ag ceannach 4 bliana de sheirbhís bharúlach ó 30 Aibreán 2014 trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla suas go dtí 65 bliana d'aois. Bhí an bunchonradh ceannaigh ar feadh 14 bliana agus cuireadh ar ceal é le héifeacht ón 1 Nollaig 2020.

Laghdaítear ceannach 4 bliana trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle i roinn 14.9 thuas, a ríomhann creidmheas seirbhíse an bhaill mar seo a leanas:

A = 4.0000

B = 6.5890 (30 Aibreán 2014 go 30 Samhain 2020)

C = 14.0000 (30 Aibreán 2014 go 29 Aibreán 2028)

$$\frac{4.0000 \times 6.5890}{14.0000} = 1.8826$$ bliain curtha chun sochair

Má théann an ball sa sampla seo ar scor roimh 65 bliana d'aois, déanfar laghdú breise de réir na bhfachtóirí laghdaithe achtúireacha sna táblaí in Aguisín 3.

**Laghdú achtúireach mar thoradh ar tharraingt anuas luath pinsin**

14.12 Má théann ball ar scor roimh 60 nó 65 bliana d'aois (cibé acu sa ghnáthchúrsa, ar fhorais leighis nó ar théarmaí CNER), úsáidtear **an fhoirmle i roinn 14.9** freisin chun ranníocaíochtaí caillte mar gheall ar scor níos luaithe a chur san áireamh.

14.13 I gcás ina ndéanfaidh ball atá ag ceannach seirbhís bharúlach:

(i) scor ar fhorais leighis le pinsean láithreach;
(ii) scor ar phinsean idir 60 agus 65 bliana d'aois i gcás baill ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 ag ceannach go 65 bliain d'aois; nó
(iii) scor ar théarmaí Luathscoir Neodrach ó thaobh Costais (CNER) i gcás baill a bhfuil 60 bliain d'aois chaomhnaithe acu agus atá ag ceannach trí thagairt do 65 bliain d'aois,

beidh laghdú achtúireach ag baint úsáide as an Tábla cuí (Tábla i dtaca le ceannach go dtí 65 bliana d'aois nó Tábla i dtaca le ceannach go dtí 60 bliain d'aois) in Aguisín 3. Déantar gach ceann de na trí chatagóir cásanna seo a mheas a thuilleadh thíos:

***(i) Téann ball ceannaigh ar scor ar fhorais leighis le pinsean láithreach.***

**Sampla**

Téann ball i Scéim na nOifigeach Cléireachais a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 65 bliain acu ar scor ar chúiseanna leighis ag aois 57. Tá tuarastal €40,590 aici. Ag an am scoir, tá 17 mbliana seirbhíse iarbhír aici, agus tá 2.5 bliain de chomhaontú íocaíochta seirbhíse tréimhsiúil curtha i gcrích aici, inar thug sí conradh chun 3 bliana seirbhíse a cheannach.

Cuirtear an fhoirmle ag 14.9 i bhfeidhm chun méid na seirbhíse ceannaithe a chinneadh ar cheart a áireamh chun a sochair phinsin a ríomh:

$$\frac{A \times B}{C} =$$

**3 [blianta ar conradh le ceannach] X 2.5 [blianta ina ndearnadh íocaíochtaí]**
**10 [blianta iomlána íocaíochta dá mba rud é gur críochnaíodh an íocaíocht iomlán]**

Mar sin cuirtear 0.75 bliain de sheirbhís ceannaithe le seirbhís iarbhír 17 mbliana an Oifigigh Chléireachais, ionas go n-úsáidtear 17.75 bliain seirbhíse san iomlán chun a pinsean agus a cnapshuim a ríomh.

***(ii) Téann ball ceannaigh ar scor ar phinsean idir 60 agus 65 bliana d'aois i gcás baill ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 ag ceannach go 65 bliain d'aois.***

**Sampla**

Téann ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 60 aige ar scor ar a 63ú breithlá. Tá tuarastal €40,590 aige. Ag an am scoir, tá 19 mbliana seirbhíse iarbhír aige, agus tá 6 bliana de chomhaontú íocaíochta seirbhíse tréimhsiúil curtha i gcrích aige, inar thug sé conradh chun 2 bhliain seirbhíse a cheannach.

Cuirtear an fhoirmle ag 14.9 i bhfeidhm chun an méid seirbhíse ceannaithe ba chóir a áireamh chun a shochair phinsin a ríomh a chinneadh:

$$\frac{A \times B}{C} =$$

**2 [blianta ar conradh chun ceannach a dhéanamh] X 6 [blianta ina ndearnadh íocaíochtaí]**
**8 [blianta iomlána íocaíochta dá mba rud é gur críochnaíodh an íocaíocht iomlán]**

Mar sin cuirtear 1.5 bliana de sheirbhís ceannaithe le seirbhís iarbhír 17 mbliana an Oifigigh Chléireachais, ionas go n-úsáidtear 18.5 bliana seirbhíse san iomlán chun a phinsean agus a chnapshuim a ríomh.

***(iii) Téann ball ceannaigh ar scor ar théarmaí Luathscoir Neodrach ó thaobh Costais (CNER) i gcás baill a bhfuil 60 bliain d'aois chaomhnaithe acu agus atá ag ceannach trí thagairt le 65 bliain d'aois.***

I gcás an chineáil cáis CNER ag (iii), laghdóidh an laghdú achtúireach ceannaigh an eilimint ceannaigh den tseirbhís trí na fachtóirí laghdaithe a chur i bhfeidhm ón tsraith aois-60 ("Aois ag an mbreithlá is déanaí") den tábla ceannacháin go dtí 65 bliana d'aois in Aguisín 3. Cuirfear an eilimint seirbhíse ceannaigh, arna laghdú ar an mbealach seo, leis an tseirbhís iarbhír ansin. Is ansin amháin a chuirfear na fachtóirí laghdaithe ar leith a bhaineann le CNER (féach roinn 23) i bhfeidhm ar an tseirbhís iomlán dá bharr.

**Ceannach seirbhíse ag baill ag roinnt oibre / postroinnt / páirtaimseartha**

14.14 Tá ceannach seirbhíse ag baill nach n-oibríonn go lánaimseartha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) Féadfaidh baill atá ag roinnt oibre, postroinnt nó páirtaimseartha a bhfuil ar a laghad dhá bhliain seirbhíse comhleanúnacha curtha i gcrích acu i bpatrúin oibre den sórt sin, faoi réir ghnáthrialacha na scéime ceannaigh, smaoineamh ar sheirbhís a cheannach ar an mbonn tuisceana go leanfaidh siad ag obair sa phatrún sin go dtí an aois scoir chuí. Cinneann rialacha na scéime ar an ngnáthbhealach an t-uasmhéid seirbhíse is féidir a cheannach.

(b) I gcás ina bhfuil méadú ar phatrún oibre an bhaill pháirtaimseartha nó má thosaíonn an ball roinnte oibre/postroinnte ar ais ag obair go lánaimseartha, agus mar thoradh ar aon athrú den sórt sin, go sáraíonn an tseirbhís atá ceannaithe nó atá a ceannach an méid a theastaíonn chun seirbhís ináirithe fhéideartha an bhaill a thabhairt, faoi aois 60 nó 65, mar is cuí, go dtí 40 bliain, ansin ní mór an ráta (nó na rátaí) ranníocaíochta a choigeartú (nó ranníocaíochtaí ceannaigh a chealú ar fad más gá) agus aon ranníocaíochtaí barrachais (lena n-áirítear gach ranníocaíocht más gá) a aisíoc tríd an gcóras párolla.

**Aisíocaíochtaí ar sheirbhís bharúlach**

14.15 Tá íocaíochtaí a dhéantar as seirbhís cheannaithe – cibé acu trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla nó cnapshuime – inaisíoctha tríd an gcóras párolla agus sna cúinsí teoranta seo a leanas amháin:

- i gcás ina n-éireoidh ball as oifig, nach gcáilíonn siad le haghaidh sochar aoisliúntais, agus nach n-aistríonn siad a seirbhís go fostaíocht eile;

- i gcás ina n-imeoidh ball atá ag ceannach seirbhíse sula mbainfidh siad an riachtanas íosta seirbhíse de naoi mbliana amach. Sa chás sin ní mór gach

ranníocaíocht ceannaigh a aisíoc. Má fhágann ball atá ag ceannach seirbhíse an fostóir tar éis dóibh naoi mbliana seirbhíse a bhaint amach ach sula bhfaigheann siad an t-íosmhéid seirbhíse a theastaíonn sa tábla le haghaidh teorainneacha seirbhíse a cheannach (féach cuid 14.2) ní mór aisíocaíocht chuí ranníocaíochtaí ceannaigh a dhéanamh le haghaidh aon seirbhíse de bhreis ar na srianta;

- i gcás ina mbeidh ball, tar éis dóibh rogha chun seirbhís a cheannach a fheidhmiú, a ndéantar seirbhís a aistriú isteach ina leith ina dhiaidh sin, agus mar thoradh air sin, go mbeadh a sheirbhís nó a seirbhís iomlán de bhreis ar an uasmhéid ináirithe (40 bliain);

- i gcás go n-eascraíonn cás ranníocaíochtaí barrachais (mar a thuairiscítear i roinn 14.14(b) thuas);

- sa chás go roghnaíonn ball oibriú thar an (sprioc-aois ceannaigh de 60 nó 65) agus mar thoradh air sin go mbeidh níos mó ná 40 bliain seirbhíse acu ag am scoir.

# AOIS SCOIR AGUS RÍOMHANNA PINSIN

## 15. AOIS SCOIR AGUS RÍOMHANNA PINSIN

**Aoiseanna scoir íosta agus éigeantacha**

15.1 Taispeántar sa tábla seo a leanas na haoiseanna ar féidir le ball Scéime scor le pinsean:

| Cohórt ball | Aois Scoir |
|---|---|
| Oifigigh Chléireachais a bhí fostaithe san earnáil phoiblí roimh 1 Aibreán 2004 | **Gnáthaois (aois íosta) scoir: 60**<br>Aois íosta CNER*: 50<br>**Aois scoir éigeantach: 70**** |
| Oifigigh Chléireachais **nach raibh** fostaithe san earnáil phoiblí roimh 1 Aibreán 2004<br>(féach roinn 15.2 thíos) | **Gnáthaois (aois íosta) scoir: 65**<br>Aois íosta CNER*: 55<br>**Aois scoir éigeantach: Ní ann di** |

* CNER = Luathscor Neodrach ó thaobh Costais – féach roinn 23.

** Baineann sé seo le daoine sa ghrúpa seo a bhaineann aois 65 bliana amach i ndiaidh 26/12/2018.

15.2 Go ginearálta ní bhaineann Oifigigh Chléireachais a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis an Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna. Ina áit sin, is baill iad de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Tá tuilleadh sonraí faoin scéim sin ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

**"Iontrálaí Nua 2004"**

15.3 Is "iontrálaithe nua" chun críocha aoisliúntais iad baill scéime a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh, agus nach raibh fostaithe san earnáil phoiblí roimh an dáta sin. Ciallaíonn sé seo, mar a léirítear sa tábla i roinn 15.1 thuas, gurb é 65 a ngnáthaois scoir (aois íosta), agus níl aon aois scoir éigeantach acu. Mar sin féin tá roinnt eisceachtaí ann:

(a) ní mheasfar baill foirne atá ar saoire ar phá nó gan phá nó atá ar iasacht ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí an 31 Márta 2004 mar iontrálaithe nua ar fhilleadh dóibh;
(b) baill foirne a fuair tairiscint fostaíochta i scríbhinn roimh 1 Aibreán 2004 ach nár chuaigh i mbun dualgais faoin dáta sin, ní mheasfar iad mar iontrálaithe nua ar glacadh leis an gceapachán sin;

(c) ní mheasfar baill foirne a bhí fostaithe ar bhonn sealadach nó séasúrach roimh 1 Aibreán 2004 mar iontrálaithe nua má théann siad ar ais ar dualgas sa tseirbhís phoiblí laistigh den chonradh fostaíochta céanna;
(d) aon seirbhíseach poiblí a bhí ar seirbhís ar 31 Márta 2004 agus a fhágann fostaíocht ach a fhilleann ina dhiaidh sin, laistigh de thréimhse 26 seachtaine, ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí, ní mheasfar iad é mar iontrálaí nua;
(e) seirbhíseach poiblí ar bith
  (i) a bhí ar seirbhís ar 31 Márta 2004 nó laistigh de 26 seachtain roimh an dáta sin, nó
  (ii) aon seirbhíseach poiblí lena mbaineann (i) a fhágann fostaíocht ach a fhilleann ina dhiaidh sin laistigh de thréimhse 26 seachtaine, ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí;

ní mheasfar iad mar iontrálaithe nua ar fhilleadh dóibh.

15.4 Go bunúsach déanann "Iontrálaí Nua 2004" mar a mhínítear i roinn 15.3 thuas idirdhealú idir:

- baill de Scéim na nOifigeach Cléireachais a earcaíodh san earnáil phoiblí roimh 1 Aibreán 2004, nach iontrálaithe nua iad; agus
- baill de Scéim na nOifigeach Cléireachais a earcaíodh don earnáil phoiblí ó 1 Aibreán 2004 ar aghaidh, ar iontrálaithe nua iad.

Tá sé tábhachtach gan an chatagóir ballraíochta nua seo a mheascadh le ballraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

## 16. LUACH SAOTHAIR INPHINSIN

16.1 Is é Luach Saothair Inphinsin an ráta bliantúil tuarastail incrimintigh atá ann ar an lá deiridh seirbhíse.

## 17. RÍOMH CNAPSHUIME SCOIR

17.1 Is é atá sa chnapshuim scoir ná 3/80ú den luach saothair inphinsin do gach bliain de sheirbhís ináirithe, faoi réir uasmhéid de 1½ oiread luach saothair inphinsin.

**Sampla:**
Téann ball Scéime ar scor ar thuarastal coibhéiseach lánaimseartha (luach saothair inphinsin) de €40,590, le 40 bliain de sheirbhís ináirithe. Faigheann sí cnapshuim scoir de €60,885, arna ríomh mar seo a leanas:

€40,590 x 40.0000 x 3/80ths = €60,885 (uasmhéid iníoctha)

## 18. RÍOMH PINSIN

18.1 Is scéim chomhtháite í an Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an pinsean ag am scoir le fritháireamh maidir leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) (SPC) agus in éineacht le sochair ó Scéim na nOifigeach Cléireachais féadfaidh ball cáiliú le haghaidh SPC.

### Modh comhtháthaithe chun pinsin a ríomh

18.2 Baineann modh chaomhnaithe comhtháthaithe ríomh pinsin le gach Oifigeach Cléireachais a cháilíonn do shochair ar 1 Eanáir 2004 ní ina dhiaidh sin. Seo a leanas an modh ríofa:

- 1/200ú den luach saothair inphinsin suas go dtí 3 1/3 oiread SPC* x seirbhís MÓIDE
- 1/80ú d'iarmhéid pá ar bith os cionn 3 1/3 oiread SPC* x seirbhís

Tá seirbhís iomlán inríofa do shochair phinsin faoi réir uasmhéid de 40 bliain.

*Nóta: Is é an ráta SPC ráta uasta an Phinsin Stáit (Ranníocach) atá iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le duine singil gan chleithiúnaí ar an lá deiridh de sheirbhís inphinsin an bhaill.

Úsáidtear iolraitheoir 3.333333 (i.e. sé ionad dheachúlacha) chun 3 1/3 huaire SPC a ríomh, arb é an **tairseach de leibhéal pá** chun aistriú ón ráta fabhraithe pinsin níos ísle (1/200) go dtí an ráta fabhraithe pinsin níos airde (1/80).

Bunaithe ar ráta seachtainiúil SPC 2021 de €248.30, is é an luach tairsí i dtéarmaí bliantúla ná:

(€248.30 x 52.18 x 3.333333) = €43,187.64.

### Modh ríofa pinsin chomhtháite roimh 1 Eanáir 2004

18.3 Roimh an 1 Eanáir 2004 ba é an modh ríofa pinsin don fhoireann a ceapadh ar 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh:

- 1/80ú de ghlanluach saothair inphinsin (luach saothair inphinsin lúide dhá oiread an CPS) arna iolrú faoi líon na mblianta seirbhíse ináirithe, faoi réir uasmhéid 40 bliain.

### Samplaí de ríomh pinsin

18.4 Léiríonn na trí shampla thíos an modh comhtháthaithe reatha chun pinsin a ríomh (i ngach cás scoireann an ball ar 1 Eanáir 2004 nó ina dhiaidh).

**Sampla 1:**
Téann Oifigeach Cléireachais ar scor ar 31 Lúnasa 2021 agus an tuilleamh agus an tseirbhís seo a leanas acu.

| | | |
|---|---|---|
| Luach saothair iarbhír ag am scoir | = | €40,590 |

| | | |
|---|---|---|
| Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021) | = | €12,956 |
| 3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach). | = | €43,188 |
| Seirbhís (iarbhír ináirithe) | = | 30 bliain |

**Pinsean =**

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €40,590 x seirbhís

[Níl aon iarmhéid pá os cionn €40,590 a gcuirfí 1/80ú i bhfeidhm air]

| | | |
|---|---|---|
| $\frac{€40,590 \times 30.0000}{200}$ | = | €6,089 |

**Pinsean iomlán: €6,089 in aghaidh na bliana**

**Sampla 2:**
Fostaíodh Oifigeach Cléireachais go lánaimseartha ar feadh 20.00 bliain agus ansin i gcáil roinnte oibre 50% ar feadh 18.00 bliain. Ar scor ar an 31 Lúnasa 2021 is é 29.0000 bliain a seirbhís iarbhír ináirithe iomlán. Tá an 29 bliain seirbhíse seo comhdhéanta de 20 bliain óna freastal lánaimseartha agus 9 mbliana (18 x 50% = 9) óna tréimhse ina dhiaidh sin ag roinnt oibre.

| | | |
|---|---|---|
| Fíor luach saothair ag am scoir | = | €20,295 |
| Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021) | = | €12,956 |
| 3 1/3 x Pinsean Stáit (Ranníocach) | = | €43,188 |
| Luach saothair inphinsin (lánaimseartha barúlach) | = | €40,590 |
| Seirbhís (iarbhír ináirithe) | = | 29 bliain |

**Pinsean =**

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

[Níl aon iarmhéid pá os cionn €43,188 a gcuirfí 1/80ú i bhfeidhm air]

| | | |
|---|---|---|
| $\frac{€40,590 \times 29.0000}{200}$ | = | €5,886 |

**Pinsean iomlán: € 5,886 in aghaidh na bliana**

**Sampla 3:**
Fostaíodh Oifigeach Cléireachais i gcáil 60% páirtaimseartha ar feadh 20 bliain. Ar scor ar an 31 Lúnasa 2021 is é a sheirbhís iarbhír inríofa iomlán ná 12.0000 bliain (20 x 60% = 12).

| | | |
|---|---|---|
| Fíor luach saothair ag am scoir | = | €24,354 |
| Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021) | = | €12,956 |
| 3 1/3 x Pinsean Stáit (Ranníocach) | = | €43,188 |
| Luach saothair inphinsin (lánaimseartha barúlach) | = | €40,590 |
| Seirbhís (iarbhír ináirithe) | = | 12 bliain |

**Pinsean =**

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

[Níl aon iarmhéid pá os cionn €43,188 a gcuirfí 1/80ú i bhfeidhm air]

| | |
|---|---|
| $\frac{€40,590 \times 12.0000}{200}$ | = €2,435 |

**Pinsean iomlán: €2,435 in aghaidh na bliana**

## 19. SCOR Ó FHOSTAÍOCHT PHÁIRTAIMSEARTHA

19.1 Nuair a théann Oifigeach Cléireachais ar scor ó fhostaíocht pháirtaimseartha inphinsin, ríomhtar sochair phinsin faoi Scéim na nOifigeach Cléireachais ar bhonn **comhtháthú pro-rata.** Ciallaíonn sé seo go bhfuil dámhachtain pinsin agus cnapshuime bunaithe ar:

- tuarastal coibhéiseach lánaimseartha ag am scoir; agus
- seirbhís inphinsin iarbhír, ina dtugtar seirbhís pro rata don Oifigeach Cléireachais atá ag dul ar scor do gach bliain de sheirbhís pháirtaimseartha.

**Sampla:**
Fostaíodh Oifigeach Cléireachais i gcáil pháirtaimseartha ar feadh 12 bhliain agus le linn an ama sin bhí éagsúlacht ag baint lena phatrún oibre ar leith mar a léirítear sa tábla thíos. Ar scor ar an 31 Lúnasa 2021, ríomhtar a sheirbhís iarbhír inríofa iomlán mar 8.05 bliain.

| **Dátaí fostaíochta (Ar bhonn blianta scoile)** | **Patrún oibre (% lánaimseartha)** | **Seirbhís pro-rata** |
|---|---|---|
| 1 Meán Fómhair 2009 – 31 Lúnasa 2010 | 50% | 0.5000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2010 – 31 Lúnasa 2011 | 50% | 0.5000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2011 – 31 Lúnasa 2012 | 50% | 0.5000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2012 – 31 Lúnasa 2013 | 60% | 0.6000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2013 – 31 Lúnasa 2014 | 60% | 0.6000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2014 – 31 Lúnasa 2015 | 60% | 0.6000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2015 – 31 Lúnasa 2016 | 75% | 0.7500 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2016 – 31 Lúnasa 2017 | 80% | 0.8000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2017 – 31 Lúnasa 2018 | 80% | 0.8000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2018 – 31 Lúnasa 2019 | 80% | 0.8000 bliain |
| 1 Meán Fómhair 2019 – 31 Lúnasa 2020 | 80% | 0.8000 bliain |

| | | |
|---|---|---|
| 1 Meán Fómhair 2020 – 31 Lúnasa 2021 | 80% | 0.8000 bliain |
| **Seirbhís Iomlán** | | **8.0500 bliain** |

**Ríomh Pinsin:**

| **Tuarastal lánaimseartha** | **Seirbhís Ináirithe** | **Pinsean (1/200ú den tuarastal suas go €43,188 do gach bliain seirbhíse)** |
|---|---|---|
| €40,590 | 8.0500 bliain | €1,634 in aghaidh na bliana |

**Ríomh Cnapshuime:**

| **Tuarastal lánaimseartha** | **Seirbhís Ináirithe** | **Cnapshuim (3/80ú den tuarastal do gach bliain seirbhíse)** |
|---|---|---|
| €40,590 | 8.0500 bliain | €12,253 |

## 20. PINSEAN FORLÍONTACH

### Boinn tuisceana agus nithe gaolmhara

20.1 Nuair a bhíonn pinsean á ríomh do bhall de Scéim na nOifigeach Cléireachais (agus do sheirbhísigh phoiblí lánárachaithe eile), cuirtear an Pinsean Stáit (Ranníocach) (SPC) san áireamh sa ríomh. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, glactar leis go mbeidh an ball:

(a) i dteideal sochar árachais shóisialaigh, agus

(b) i dteideal uasráta pearsanta sochar dá leithéid.

20.2 Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach gcáileoidh an ball do shochair árachais shóisialaigh, nó má cháilíonn siad, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal sochar laghdaithe amháin. D'fhéadfadh sé seo eascairt as ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh neamhleor. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an ball iarratas a dhéanamh ar **phinsean forlíontach,** chun an difríocht idir a gcúinsí pearsanta agus na boinn tuisceana ginearálta ar a bhfuil an ríomh pinsin bunaithe (féach roinn 20(1) thuas) a chur san áireamh.

### Coinníollacha agus ríomh

20.3 Chun a bheith san áireamh do phinsean forlíontach, ní mór don bhall:

(a) ar chúiseanna nach bhfuil faoina smacht, mainneachtain cáiliú do shochar árachais shóisialaigh, nó nach gcáilíonn siad ach do shochar árachais shóisialaigh ag ráta atá níos lú ná ráta iomlán an Phinsin Stáit Ranníocach (SPC);

(b) bheith dífhostaithe; agus

(c) seachas duine a fhaigheann pinsean ar fhorais leighis, go bhfuil an aois íosta pinsin sroichte nó, i gcás ball a fhaigheann pinsean Luathscoir Neodrach ó thaobh Costais (féach roinn 23), aois an phinsin chaomhnaithe.

Má tá an fostóir sásta go bhfuil na réamhchoinníollacha seo á gcomhlíonadh, féadfar pinsean forlíontach a íoc leis an mball, de rogha an fhostóra agus faoi réir an ríomh ag 20.4.

20.4 Ríomhtar an pinsean forlíontach iníoctha (más ann dó) trí chomparáid a dhéanamh idir:

(a) méid an phinsin Oifigigh Chléireachais iarbhír a dámhadh don bhall móide méid (más ann) an ráta pearsanta de Phinsean Stáit (Ranníocach) nó de shochar árachais shóisialaigh eile (e.g. Sochar Cuardaitheora Poist) atá iníoctha leis nó léi; agus

(b) **méid an phinsin Oifigigh Chléireachais a bheadh dáfa don bhall dá ndéanfaí an pinsean sin a ríomh faoi thagairt don mhodh ríofa do**

**sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialta.**

**Má tá (b) níos airde ná (a), beidh pinsean forlíontach comhionann leis an difríocht eatarthu iníoctha.** Is cás comparádóra “modhnaithe” Aicme D (ÁSPC) é (b), ach is é (a) pinsean Scéim na nOifigeach Cléireachais iarbhír an bhaill (gan aon phinsean forlíontach a áireamh), móide aon sochar árachais shóisialaigh.

20.5 Eisiatar seirbhís bharúlach agus pinsean forlíontach á ríomh.

**Samplaí**

20.6 Léiríonn na samplaí thíos conas a dhéantar incháilitheacht pinsin fhorlíontaigh a bhunú agus conas a ríomhtar an ráta íocaíochta:

**Sampla 1:**
Téann ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais a íocann ÁSPC Aicme A agus a bhfuil tuarastal €40,590 aici ar scor ar 31 Lúnasa 2021. Tá 28 mbliana seirbhíse aici:

| | | |
|---|---|---|
| Luach saothair inphinsin | = | €40,590 |
| Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021) | = | €12,956 |
| 3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach). | = | €43,188 |
| Seirbhís inríofa | = | 28 bliain |

**Pinsean Scéim na nOifigeach Cléireachais**

= 1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

[Níl aon iarmhéid pá os cionn €43,188 a gcuirfí 1/80ú i bhfeidhm air]

| | | |
|---|---|---|
| $\frac{€40,590 \times 28.0000}{200}$ | = | €5,683 |

**Pinsean iomlán Scéim na nOifigeach Cléireachais: €5,683 in aghaidh na bliana**

Cáilíonn an ball do shochar ar ráta laghdaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é an sochar sin ná Sochar Cuardaitheora Poist, atá iníoctha leis an mball ar ráta seachtainiúil laghdaithe de €159. I dtéarmaí bliantúla is ionann é seo agus **€8,297.**

Mar sin, is é an t-ioncam ábhartha bliantúil iomlán don bhall, a chuimsíonn pinsean Scéim na nOifigeach Cléireachais agus sochar ráta laghdaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí ná:

**€13,980** (€5,683 + €8,297)

**Ríomh pinsin le haghaidh comparadóir Aicme D:**

Dá mbeadh an ráta modhnaithe ÁSPC (Aicme D) íoctha ag an mball, bheadh a pinsean ó Scéim na nOifigeach Cléireachais ríofa mar seo a leanas:

€40,590 (luach saothair inphinsin) x 28.0000 bliain seirbhíse x 1/80

**= €14,207**

(Is é an € 14,207 seo an pinsean a bhronnfaí ar an mball dá mbeadh a pinsean bunaithe ar an modh ríofa do sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialta.)

Mar sin, is é an pinsean forlíontach iníoctha ná:

| | |
|---|---|
| Pinsean iníoctha bunaithe ar ríomh ÁSPC Aicme D | €14,207 |
| Pinsean iníoctha ó Scéim na nOifigeach Cléireachais, móide an ráta laghdaithe sochair árachais shóisialaigh (Cuardaitheoirí Poist) atá á fháil | €13,980 |
| **Pinsean forlíontach iníoctha** | **€227 (in aghaidh na bliana)** |

**Sampla 2:**

Téann ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais a íocann ÁSPC Aicme A agus a bhfuil tuarastal €40,590 aige ar scor ar 31 Lúnasa 2021. Tá 19 mbliana seirbhíse aige:

| | | |
|---|---|---|
| Luach saothair inphinsin | = | €40,590 |
| Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021) | = | €12,956 |
| 3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach). | = | €43,188 |
| Seirbhís inríofa | = | 19 mbliana |

**Pinsean Scéim na nOifigeach Cléireachais =**

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

[Níl aon iarmhéid os cionn €43,188 a gcuirfí 1/80ú i bhfeidhm air]

| | | |
|---|---|---|
| €40,590 x 19.0000<br>200 | = | €3,856 |

**Pinsean Iomlán Scéim na nOifigeach Cléireachais: €3,856 in aghaidh na bliana**

Cáilíonn an ball do shochar ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é an sochar sin ná Sochar Cuardaitheora Poist, iníoctha leis an mball ag an ráta iomlán seachtainiúil de €203. I dtéarmaí bliantúla is ionann é seo agus **€10,593.**

Mar sin, is é an t-ioncam ábhartha bliantúil iomlán don bhall, ar a n-áirítear pinsean de chuid na Scéime Oifigigh Chléireachais agus sochar na Roinne Coimirce Sóisialaí ná:

**€14,449** (€3,856 + €10,593)

**Ríomh pinsin le haghaidh comparadóir Aicme D:**

Dá mbeadh an ráta modhnaithe ÁSPC (Aicme D) íoctha ag an mball, bheadh a phinsean Scéim na nOifigeach Cléireachais ríofa mar seo a leanas:

€ 40,590 (luach saothair inphinsin) x 19.0000 bliain seirbhíse x 1/80

**= €9,640**

(Is é an €9,640 seo an pinsean a bhronnfaí ar an mball dá mbeadh a phinsean bunaithe ar an modh ríofa do sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialta.)

Mar sin, is é an pinsean forlíontach iníoctha ná:

| | |
|---|---|
| Pinsean iníoctha bunaithe ar ríomh ÁSPC Aicme D | €9,640 |
| Pinsean iníoctha ó Scéim na nOifigeach Cléireachais, móide an ráta laghdaithe sochair árachais shóisialaigh (Cuardaitheoir Poist) | €14,449 |
| **Pinsean forlíontach iníoctha** | **DADA** |

**Pinsean forlíontach ar scor faoi Luathscor Neodrach ó thaobh Costais**

20.7 Ní bheidh pinsean forlíontach, nuair is cuí, iníoctha ach le baill a bhaineann leas as Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais (féach roinn 23) ar an aois pinsin chaomhnaithe ábhartha a bhaint amach (60 nó 65 bliana, de réir mar is cuí).

**Pinsean forlíontach marthanóir**

20.8 Nuair a fhaigheann ball ar seirbhís nó ball ar scor bás, agus má theipeann ar a chéile nó a céile marthanach cáiliú do phinsean marthanóirí leasa shóisialaigh ranníocach, nó má tá siad cáilithe nach bhfuil siad i dteideal ach ráta laghdaithe den phinsean marthanóirí sin, ansin, faoi rogha iomlán an Aire Oideachais, féadfar pinsean forlíontach marthanóirí a íoc faoin scéim, faoi réir na gcoinníollacha i roinn 20.3.

## 21. ÉIRÍ AS SEIRBHÍS

21.1 I gcás go n-éireoidh ball as oifig gan an tseirbhís íosta chun sochair a chaomhnú a bheith fabhraithe acu (féach roinn 22 le haghaidh sonraí), féadfaidh na roghanna seo a leanas a bheith ar fáil.

(a) Má tá sé ar intinn ag an mball filleadh ar an bhfostaíocht atá clúdaithe ag Scéim na nOifigeach Cléireachais, ní gá dó nó di faic a dhéanamh maidir lena ranníocaíochtaí pinsin agus, nuair a fhilleann siad, fabhróidh siad seirbhís bhreise. Cuirfear an tseirbhís níos luaithe san áireamh chun sochar a ríomh ar scor ar deireadh.

(b) Má bhogtar chuig comhlacht eile atá rannpháirteach i Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí, féadfaidh an ball an tseirbhís a aistriú chuig an gcomhlacht sin.

(c) Iarratas ón mball ar aisíocaíocht na ranníocaíochtaí a íocadh le Scéim na nOifigeach Cléireachais. Is í an aisíocaíocht atá iníoctha faoi láthair ná na ranníocaíochtaí iomlána a íocadh lúide cáin 20%.

21.2 Nuair a fhágann an ball seirbhís roimh aois an phinsin ach go bhfuil an tseirbhís íosta fabhraithe acu chun sochar a chaomhnú, níl aisíocaíocht ranníocaíochtaí ar fáil. Tá na roghanna seo a leanas ar fáil:

(a) Má tá sé ar intinn ag an mball filleadh ar fhostaíocht atá clúdaithe ag an scéim seo, ní gá dó nó di faic a dhéanamh maidir lena ranníocaíochtaí aoisliúntais agus, ar fhilleadh dóibh, fabhróidh siad tuilleadh seirbhíse. Cuirfear an tseirbhís níos luaithe san áireamh chun sochar a ríomh ar scor ar deireadh.

(b) Mura bhfilleann an ball ar aon fhostaíocht seirbhíse poiblí choíche, ansin beidh sochar caomhnaithe bunaithe ar an tseirbhís fabhraithe iníoctha nuair a shroichfidh siad aois an phinsin caomhnaithe. (Is é 60 bliain an aois pinsin caomhnaithe seo i gcás duine ar thosaigh a bhfostaíocht roimh 1 Aibreán 2004, agus 65 bliain i gcás duine ar iontrálaí nua iad [féach roinn 15.3]). **NB: Ní mór do bhall a d’fhág seirbhís cur isteach ar íocaíocht na sochar caomhnaithe. Ba chóir iarratas a dhéanamh trí mhí ar a laghad roimh aois an phinsin a bhaint amach.**

(c) Aistriú Seirbhíse: Má bhogtar chuig comhlacht eile san earnáil phoiblí atá rannpháirteach i Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí, féadfaidh an ball rogha a dhéanamh an tseirbhís a aistriú chuig an gcomhlacht sin chun críocha pinsin. D’fhéadfadh tionchar a bheith ag roinnt fachtóirí ar chinneadh baill maidir le seirbhís a aistriú chuig an bhfostaíocht nua nó sochar a chaomhnú san iarfhostaíocht, lena n-áirítear dul chun cinn féideartha pá san fhostaíocht nua agus raon comparáideach na sochar atá ar fáil i ngach scéim pinsin. Ní chuirfidh an Roinn Oideachais aon chomhairle ar fáil do bhall maidir le seirbhís a aistriú nó gan é a aistriú. Is ceist don bhall féin amháin í seo.

21.3 Mar atá luaite ag ranna 21.1(b) agus 21.2(c) thuas, d'fhéadfadh go mbeadh an rogha ag ball a scoireann de bheith fostaithe mar Oifigeach Cléireachais agus a théann i bhfostaíocht le comhlacht atá ina bhall de Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí aistriú seirbhís i Scéim na nOifigeach Cléireachais a aistriú isteach i scéim pinsin an chomhlachta sin. Tabhair do d'aire, áfach, nach féidir aistriú den sórt sin a dhéanamh sa chás, nuair a théann duine isteach i gcomhlacht seirbhíse poiblí ina dhiaidh sin, go ndéantar ball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí díobh. Is gnách go mbíonn daoine a théann i mbun fostaíochta sa tseirbhís phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin tar éis sos níos mó ná 26 seachtaine ó bhí siad fostaithe sa tseirbhís phoiblí roimhe sin ina mbaill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Mar sin, le go bhféadfaidh 21.1(a), 21.1(b), 22.2(a) agus 22.2(c) a bheith i bhfeidhm ní mór do dhuine aonair gan sos níos mó ná 26 seachtain a bheith acu idir fostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

## 22. SOCHAIR CHAOMHNAITHE

### Incháilitheacht

22.1 Tá ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais:

(a) a fhágann an tseirbhís phoiblí tar éis dhá bhliain ar a laghad de **sheirbhís cháilitheach** a chríochnú (seirbhís blianta féilire – féach roinn 6.1);
(b) nach bhfuil an aois íosta pinsin sroichte acu (féach roinn 15);
(c) nach bhfuil i dteideal sochair aoisliúntais láithreach;
(d) nach mbaineann leas as Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais; agus
(e) nach aistríonn a sheirbhís nó a seirbhís go fostaíocht eile,

i dteideal sochair aoisliúntais chaomhnaithe iníoctha, ar iarratas, ag aois an phinsin chaomhnaithe.

22.2 Maidir le roinn 22.1(a) thuas, tabhair faoi deara go raibh gá le cúig bliana ar a laghad de sheirbhís ináirithe iarbhír do theidlíocht sochar caomhnaithe i gcás éirí as oifig roimh 2 Meitheamh 2002.

### Sochair

22.3 Is iad na sochair chaomhnaithe:

(a) cnapshuim agus pinsean caomhnaithe; nó
(b) cnapshuim agus pinsean um easláinte caomhnaithe, má cheadaítear é, roimh aois an phinsin chaomhnaithe a shroicheadh,
(c) aisce bháis chaomhnaithe (má fhaigheann an ball bás sula dtagann teidlíocht chun pinsin chaomhnaithe agus cnapshuime);
agus
(d) pinsin marthanóirí agus leanaí caomhnaithe, i gcás inarb infheidhme.

### Ríomh

22.4 Tá modh ríofa na sochar caomhnaithe mar atá leagtha amach i ranna 17 agus 18. Tá an pinsean caomhnaithe agus an chnapshuim chaomhnaithe bunaithe ar:

- seirbhís ináirithe;
- luach saothair inphinsin an bhaill ar a lá seirbhíse deiridh; agus
- ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC) ar a lá seirbhíse deiridh;

arna mhéadú faoi thagairt do choigeartuithe tuarastail a tharlaíonn idir an dáta éirí as agus an dáta a thiocfaidh na sochair chaomhnaithe chun bheith iníoctha.

### Íocaíocht

22.5 De ghnáth íoctar sochair cnapshuime agus pinsin chaomhnaithe, **ar iarratas,** le héifeacht ón aois íosta pinsin. Mar sin féin, má thabhaíonn iar-bhall, sula sroicheann siad an aois sin, drochbhail bhuan agus má shásaíonn siad an coinníoll cáilitheachta um scor de bharr drochshláinte go mbeadh sé nó sí i dteideal scoir ar fhorais éagumais dá mbeadh sé nó sí i mbun seirbhíse, ansin féadfar na sochair

chaomhnaithe, bunaithe ar sheirbhís ináirithe ar an dáta éirí as oifig gan aon bhlianta breise de bharr drochshláinte, a íoc ó dháta iarratais an iarbhaill.

**Bás roimh sochair chaomhnaithe a íoc**

22.6 Má fhaigheann iarbhall atá incháilithe le haghaidh sochar caomhnaithe bás sula mbíonn pinsean caomhnaithe agus cnapshuim iníoctha leis nó léi, beidh aisce bháis chaomhnaithe atá comhionann le méid na cnapshuime caomhnaithe iníoctha, ar iarratas, lena ionadaí nó lena hionadaí pearsanta dlíthiúil. D’fhéadfadh pinsean marthanóirí a bheith iníoctha freisin bunaithe ar sheirbhís ináirithe an iarbhaill ar an dáta éirí as oifig, gan aon bhlianta breise de bharr drochshláinte.

## 23. LUATHSCOR NEODRACH Ó THAOBH COSTAIS

23.1 Ligeann Luathscor Neodrach ó thaobh Costais (CNER) do bhaill scéime atá cáilithe dul ar scor suas le deich mbliana roimh aois an phinsin chaomhnaithe, faoi réir fhaomhadh an fhostóra. Soláthraíonn sé íocaíocht láithreach de phinsean agus cnapshuim scoir, a ríomhtar an dá cheann acu trí laghdú go hachtúireach a dhéanamh ar na luachanna sochair chaomhnaithe a bheadh ann dá mbeadh an duine ag éirí as ar an dáta luathscoir. Tarraingíonn an laghdú achtúireach seo, a bhfuil cur síos air i ranna 23.4 go 23.6 thíos, ar tháblaí fachtóirí laghdaithe aoischéime i roinn 23.7. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha tá na táblaí seo leagtha amach in Aguisín 1 freisin.

### Incháilitheacht

23.2 Maidir le ball:

(i) atá ar éis dhá bhliain de sheirbhís cháilitheach a chríochnú (féach roinn 6.1), agus
(ii) ar an dáta luathscoir atá beartaithe
   - atá 50 bliain d'aois ar a laghad má tá aois pinsin caomhnaithe 60 i bhfeidhm, nó
   - atá 55 bliana d’aois ar a laghad má tá aois pinsin caomhnaithe 65 i bhfeidhm,

is féidir leo an rogha iarratas a dhéanamh ar Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais.

23.3 Ní mór iarratas an bhaill ar Luathscoir atá Neodrach ó thaobh Costais a dhéanamh agus a fhaomhadh tráth nach déanaí ná an dáta luathscoir atá beartaithe. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an ball a bheith i seirbhís chun iarratas a dhéanamh ar CNER; ní féidir iarratas a dhéanamh tar éis éirí as oifig. Má éiríonn ball Scéime le teidlíochtaí pinsin caomhnaithe as agus má chláraítear iad ina dhiaidh sin i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfostaíocht nua, ní féidir leis an duine sin iarratas a dhéanamh ar shochair CNER ó Scéim na nOifigeach Cléireachais.

### Ríomh

23.4 Déanfar a bpinsean agus a gcnapshuim a laghdú go hachtúireach do bhaill a gceadófar a n-iarratas. Déanfar an pinsean laghdaithe agus an chnapshuim a ríomh trí na céatadáin ábhartha ón tábla cuí i roinn 23.7 thíos a chur i bhfeidhm ar an sochar caomhnaithe, le coigeartú de réir mar is gá don aois bheacht (blianta agus laethanta) ag am scoir.

23.5 Agus coigeartú á dhéanamh don aois bheacht ag am scoir, ríomhfar pinsean agus cnapshuim de réir na foirmle seo a leanas:

**[A + ((B / 365) × (C – A))] × sochar caomhnaithe bunaithe ar sheirbhís**

Nuair

- Is é A an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, de réir mar is cuí) sa tábla ceart thíos (60 nó 65 bliana d'aois chaomhnaithe), atá oiriúnach d'aois an duine ar a mbreithlá deiridh,

- Is é B líon na laethanta óna bhreithlá deiridh nó óna breithlá deiridh, agus

- Is é C an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, mar is cuí) sa tábla ceart thíos ((a) aois chaomhnaithe 60 nó (b) aois chaomhnaithe 65), is iomchuí d'aois an duine ar a gcéad lá breithe eile. Sa chás gurb é a gcéad lá breithe eile an aois iarbhír chaomhnaithe ansin C = 100%.

23.6 Ní mór aon ranníocaíochtaí neamhíoctha maidir le sochair Marthanóirí agus Leanaí a asbhaint ón gcnapshuim "chaomhnaithe". Ciallaíonn sé seo gur chóir an chnapshuim chomhlán chaomhnaithe a ríomh ar dtús agus gur cheart na ranníocaíochtaí neamhíoctha do shochair marthanóirí agus leanaí a asbhaint ón méid sin ansin. Cuirtear an fachtóir luathscoir atá neodrach ó thaobh costais, arna chinneadh ag baint úsáide as an bhfoirmle i roinn 23.5, i bhfeidhm ansin ar an gcnapshuim ghlan dá bharr. Asbhainfear ranníocaíochtaí príomhscéime gan íoc (más ann dóibh) as an aisce cnapshuime mar is cuí.

**Táblaí Fachtóirí Laghdaithe CNER le Samplaí**

23.7 Tá na fachtóirí atá le cur i bhfeidhm chun luachanna sochair chaomhnaithe a thiontú go luachanna sochair laghdaithe go hachtúireach leagtha amach sna táblaí in Aguisín 1. Tá siad leagtha amach freisin, le samplaí, sna Táblaí ag (a) agus (b) thíos:

(a) Aois chaomhnaithe 60:

| Daoine le haois chaomhnaithe 60 bliain d'aois | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 50 | 62.4% | 82.2% |
| 51 | 65.1% | 83.9% |
| 52 | 67.9% | 85.5% |
| 53 | 71.0% | 87.2% |
| 54 | 74.3% | 88.9% |
| 55 | 77.8% | 90.7% |
| 56 | 81.6% | 92.4% |
| 57 | 85.7% | 94.3% |
| 58 | 90.1% | 96.1% |

| | | |
|---|---|---|
| 59 | 94.8% | 98.0% |

**Sampla 1:**
Déanann ball Scéime ag a bhfuil aois pinsin chaomhnaithe de 60 iarratas ar Luathscor Neodrach ó thaobh Costais, agus is é an 15 Meitheamh 2021 an dáta scoir atá beartaithe. Is é an 2 Meán Fómhair 1965 an dáta breithe.

Tá 31.7863 bliana de sheirbhís ináirithe ag an mball tráth scoir, is é €40,590 an luach saothair inphinsin, agus tá feidhm ag ÁSPC (Aicme A) den ráta iomlán.

Ríomhtar an dámhachtain sochar pinsin mar seo a leanas:

**Ríomh Pinsin atá Neodrach ó thaobh Costais:**

**Ríomh an luach pinsin chaomhnaithe ar dtús:**

Pinsean = (1/200ú do thuarastal suas go €43,188 móide 1/80ú do iarmhéid ar bith os cionn sin) x seirbhís

- €40,590 x 1/200 x 31.7863 = €6,451
- [gan aon iarmhéid pá ag 1/80ú]

Pinsean caomhnaithe iomlán: €6,451

**Ba cheart an luach pinsin caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:**

**[A + ((B / 365) × (C – A))]**

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an mbreithlá deiridh (55 bliain d’aois) = 77.8%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 3 Meán Fómhair 2020 go 15 Meitheamh 2021) = 286 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an gcéad bhreithlá eile (56 bliana d’aois) = 81.6%

[77.8 + ((286 / 365) x (81.6 – 77.8))]

= [77.8 + (0.7836 x 3.8)]

= [77.8 + 2.98]

= 80.78%

Mar sin laghdófar an pinsean thuas go hachtúireach faoi CNER mar seo a leanas:

**€6,451 x 80.78% = €5,211 in aghaidh na bliana**

**Ríomh Cnapshuime atá Neodrach ó thaobh Costais:**

**Ríomh an luach cnapshuime caomhnaithe ar dtús:**

Cnapshuim = luach saothair inphinsin x 3/80 x seirbhís

- €40,590 x 3/80 x 31.7863 = €48,383

**Ba cheart luach na cnapshuime caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:**

**[A + ((B / 365) × (C – A))]**

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an mbreithlá deiridh (55 bliain d'aois) = 90.7%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 3 Meán Fómhair 2020 go 15 Meitheamh 2021) = 286 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an gcéad bhreithlá eile (56 bliana d'aois) = 92.4%

[90.7 + ((286 / 365) x (92.4 – 90.7))]

= [90.7 + (0.7836 x 1.7)]

= [90.7 + 1.33]

= 92.03%

Dá bhrí sin laghdófar an chnapshuim thuas go hachtúireach faoi CNER mar a leanas:

**€48,383 x 92.03% = €44,527 in aghaidh na bliana**

**Sampla 1A** :
I Sampla 1 thuas díreach, téann an ball ar scor go luath faoi théarmaí CNER ag a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 60. Dá bhfaigheadh sé nó sí bás ina dhiaidh sin ag fágáil cleithiúnaithe incháilithe, ríomhfaí sochair marthanóirí agus leanaí a bheadh iníoctha leis na cleithiúnaithe sin faoi thagairt don phinsean caomhnaithe de €6,451, ní an pinsean laghdaithe go hachtúireach de €5,211.

(b) Aois chaomhnaithe 65:

| Daoine le haois chaomhnaithe 65 bliana d'aois | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 55 | 58.2% | 82.4% |
| 56 | 61.1% | 84.0% |

| | | |
|---|---|---|
| 57 | 64.1% | 85.6% |
| 58 | 67.4% | 87.3% |
| 59 | 71.0% | 89.0% |
| 60 | 74.8% | 90.7% |
| 61 | 79.0% | 92.5% |
| 62 | 83.6% | 94.3% |
| 63 | 88.5% | 96.1% |
| 64 | 94.0% | 98.0% |

**Sampla 2 :**
Déanann ball Scéime ag a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 65 iarratas ar Luathscor Neodrach ó thaobh Costais, agus is é an 28 Bealtaine 2021 an dáta scoir atá beartaithe. Is é an 5 Lúnasa 1959 an dáta breithe.

Tá 15.8137 bliain de sheirbhís ináirithe ag an mball tráth scoir, is é €40,590 an luach saothair inphinsin, agus tá feidhm ag ÁSPC (Aicme A) den ráta iomlán.

Ríomhtar an dámhachtain sochar pinsin mar seo a leanas:

**Ríomh Pinsin atá Neodrach ó thaobh Costais:**

**Ríomh an luach pinsin caomhnaithe ar dtús:**

Pinsean = (1/200ú do thuarastal suas go €43,188 móide 1/80ú d'iarmhéid ar bith os a chionn sin) x seirbhís

- €40,590 x 1/200 x 15.8137 = €3,209
- [níl aon iarmhéid ar 1/80ú]

Pinsean caomhnaithe iomlán: €3,209

**Ba cheart an luach pinsin caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:**

**[A + ((B / 365) × (C – A))]**

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an mbreithlá deiridh (aois 61) = 79.0%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 6 Lúnasa 2020 go 28 Bealtaine 2021) = 296 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an gcéad bhreithlá eile (aois 62) = 83.6%

[79.0 + ((296 / 365) x (83.6 – 79.0))]

= [79.0 + (0.8110 x 4.6)]

= [79.0 + 3.73]

= 82.73%

Mar sin, laghdófar an pinsean thuas go hachtúireach faoi CNER mar seo a leanas:

**€3,209 x 82.73% = €2,655 in aghaidh na bliana**

**Ríomh Cnapshuime atá Neodrach ó thaobh Costais:**

Ríomh an luach cnapshuime caomhnaithe ar dtús:

Cnapshuim = Luach saothair inphinsin x 3/80 x seirbhís

- €40,590 x 3/80 x 15.8137 = €24,070

**Ba cheart luach na cnapshuime caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:**

**[A + ((B / 365) × (C – A))]**

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an mbreithlá deiridh (aois 61) = 92.5%

B = líon na laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 6 Lúnasa 2020 go 28 Bealtaine 2021) = 296 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ag an gcéad bhreithlá eile (aois 62) = 94.3%

[92.5 + ((296 / 365) x (94.3 – 92.5))]

= [92.5 + (0.8110 x 1.8)]

= [92.5 + 1.46]

= 93.96%

Dá bhrí sin, déanfar an chnapshuim thuas a laghdú go hachtúireach faoi CNER mar a leanas:

**€24,070 x 93.96% = €22,616 in aghaidh na bliana**

23.8 **Tá feidhm ag an ráta laghdaithe achtúireach ar feadh shaolré íocaíocht pinsin faoi réir coigeartuithe de réir méaduithe pinsin na seirbhíse poiblí, de réir mar is cuí. Ní féidir le ball a bhaineann leas as luathscor atá neodrach ó thaobh costais de athrú ina dhiaidh sin chuig íocaíocht phinsin chaomhnaithe ag gnáthaois chaomhnaithe (60 nó 65 bliain).**

**Sochair Marthanóirí & Leanaí maidir le Luathscor Neodrach ó thaobh Costais**

23.9 Ní chuireann Luathscor Neodrach ó thaobh Costais isteach ar shochair iníoctha le Marthanóirí agus Leanaí. Ciallaíonn sé seo go mbeidh aon sochair den sórt sin iníoctha i leith baill a chuaigh ar scor ar théarmaí CNER mar an gcéanna dá mbeadh an ball sin tar éis éirí as le sochair chaomhnaithe ina ionad sin ar an dáta a scoir sé nó sí go luath.

**Pinsean Forlíontach maidir le Luathscor Neodrach ó thaobh Costais**

23.10 Ní bhíonn pinsin fhorlíontacha, nuair is cuí, iníoctha ach le baill a bhaineann leas as Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais ar shroicheadh na haoise pinsin caomhnaithe ábhartha (60 nó 65 bliain mar is cuí).

**Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais agus tionchar ar sheirbhís bharúlach a cheannach:**

23.11 Beidh tionchar ag Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais ar an leas a bhaintear as roghanna ceannaigh. Beidh dhá laghdú i bhfeidhm:

(i) Ar an gcéad dul síos, **na socruithe laghdaithe scéime ceannaigh ábhartha,** mar is cuí lena n-áirítear

   (a) cur i bhfeidhm i gcásanna áirithe ar fhachtóirí laghdaithe achtúireacha scéime ceannaigh is iomchuí d'íocaíocht pinsin ag <u>aois an phinsin chaomhnaithe</u>, agus go háirithe i gcás ina bhfuil ball a bhfuil aois chaomhnaithe 60 bliain acu ag ceannach go dtí 65 bliain d'aois (féach Aguisín 3), agus

   (b) cur i bhfeidhm i ngach cás ar shocruithe laghdaithe na scéime ceannaigh atá i bhfeidhm i gcás luathchríochnú de ranníocaíochtaí tréimhsiúla.

(ii) Ar an dara dul síos, déanfar an tseirbhís a ceannaíodh dá bharr – arna laghdú, más cuí, ag (a) agus i ngach cás ag (b) – a chur ansin leis an tseirbhís iarbhír a úsáidfear chun pinsean caomhnaithe agus Cnapshuim chaomhnaithe a ríomh, agus is ansin amháin a chuirfear **fachtóir ábhartha an Luathscoir atá Neodrach ó thaobh Costais** i bhfeidhm ar an bpinsean caomhnaithe agus ar an gCnapshuim sin.

**Impleachtaí do shochair Coimirce Sóisialaí:**

23.12 Ós rud é go bhféadfadh éagsúlacht a bheith sna socruithe chun creidmheasanna árachais shóisialaigh a fháil ó am go chéile, ba chóir do gach ball a gcás aonair a sheiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí sula mbaineann siad leas as Luathscor atá Neodrach ó thaobh Costais. Ba chóir dóibh freisin seiceáil go tréimhsiúil ina dhiaidh sin maidir leis an staid is déanaí. Mura ndéantar na seiceálacha seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige ar aon teidlíocht

ar shochair chosanta sóisialta ina dhiaidh sin, amhail an Pinsean Stáit nó pinsean marthanóirí leasa shóisialaigh.

## 24. SCOR AR FHORAIS LEIGHIS

### Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar scor ar fhorais leighis

24.1 Ní mór an nós imeachta seo a leanas a leanúint i ngach cás iarratais ar scor ar fhorais leighis:

- Déantar iarratas ar scor ar fhorais leighis trí dhá fhoirm a chomhlánú:
- RET.D2 (iarratas ar shochair) – a chuirtear ar ais chuig an Aonad Pinsean, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
- Foirm TMED 2 – ní mór don bhall an chuid ábhartha den fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt dá lia cóireála lena comhlánú.
- Ba chóir don lia an fhoirm a chomhlánú agus an tuairisc leighis rúnda dochtúir le dochtúir a cheangal leis. Seoltar é seo ar ais go díreach chuig an tseirbhís sláinte ceirde (OHS) a bhfuil sonraí ina leith liostaithe ar an bhfoirm. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an fhianaise leighis a chuirtear isteach cuimsitheach agus go n-áirítear na sonraí cliniciúla ábhartha go léir. Caithfidh sé aghaidh a thabhairt ar dhiagnóis, cóireáil agus prognóis.
- Nuair a fhaightear TMED 2 (lena n-áirítear na tuarascálacha riachtanacha ar fad) agus fógra ón Aonad Pinsean go bhfuil RET.D2 faighte, rachaidh an OHS i dteagmháil leis an mball chun coinne a shocrú.
- Freastalóidh an ball ar mheasúnú leighis, agus beidh comhlánú foirme measúnaithe i gceist mar chuid de.
- Eiseofar moladh chuig an Aonad Pinsean, tar éis don OHS measúnú leighis a dhéanamh.
- Coinneoidh an OHS tuarascáil ar comhad.

- Is é an tAire Oideachais ina ról mar sholáthraí scéime pinsin a dhéanann an cinneadh iarratas ar scor de bharr drochshláinte a cheadú nó a dhiúltú. Tá an cinneadh bunaithe ar mholadh an OHS. Féadfaidh an ball moladh an OHS a achomharc chuig lia nó seirbhís sláinte ceirde eile arna ainmniú ag an Roinn. Cuirfear na Nósanna Imeachta Scoir de bharr Drochshláinte ar fáil ar iarratas ar scor de bharr drochshláinte.

### Tréimhse dílsithe drochshláinte

24.2 Ciallaíonn an tréimhse dílsithe drochshláinte an tréimhse seirbhíse nach mór a bhaint amach ionas gur féidir pinsean agus cnapshuim scoir a íoc láithreach le duine atá ceadaithe le haghaidh scoir ar fhorais leighis. Is í an tréimhse dílsithe um easláinte, a chumhdaíonn scoir an 1 Lúnasa 2012 nó ina dhiaidh sin, ná cúig bliana féilire seirbhíse.

### Blianta breise

24.3 Nuair a théann ball ar scor ar fhorais leighis tar éis cúig bliana seirbhíse iarbhír ar a laghad a bheith curtha i gcrích, féadfar seirbhís bharúlach a chur lena

sheirbhís nó lena seirbhís iarbhír ar an mbonn atá leagtha amach thíos, chun an pinsean scoir agus an chnapshuim a fheabhsú (a mhéadú):

| **Seirbhís Iarbhír** | **Blianta curtha leis:** |
|---|---|
| Idir 5 - 10 mbliana | Méid coibhéiseach seirbhíse breise faoi réir seirbhíse féideartha go dtí 65 bliana d'aois. Seirbhís méadaithe faoi dhó nó seirbhís fhéideartha go dtí 65 bliain d'aois - cibé acu is lú. |
| Idir 10 - 20 bliain | An ceann is fabhraí de:<br>(i) an difríocht idir seirbhís iarbhír agus 20 bliain faoi réir seirbhíse féideartha go dtí 65 bliain d'aois, nó<br>(ii) 6.6667 bliain faoi réir seirbhíse féideartha go dtí 60 bliain d'aois. |
| Níos mó ná 20 bliain | Mar atá ag (ii) thuas. |

Mar atá le feiceáil sa tábla thuas, d'fhéadfadh "seirbhís fhéideartha" go dtí 60 bliain d'aois nó 65 bliain d'aois a bheith ina fhachtóir chun méid na seirbhíse breise a dheonaítear do phinseanaí ar chúiseanna leighis a chinneadh. D'fhéadfadh ríomh na seirbhíse féideartha seo do bhaill páirtaimseartha na Scéime Pinsin a bheith bunaithe ar an bpatrún oibre/tinrimh ag an am scoir, rud a sheachadfaidh dámhachtain blianta breise níos ísle ná mar a bheadh i gcás an duine sin a bheith ina dhuine ag freastal go lánaimseartha. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh bonn difriúil ríofa a bheith i bhfeidhm. I gcásanna ina n-éilíonn conradh duine go n-oibreoidh siad uaireanta luaineacha, nó inar laghdaíodh gnáthuaireanta oibre duine sna trí bliana deiridh de sheirbhís inphinsin, d'fhéadfadh patrún oibre/tinrimh a bheith bunaithe ar mheánlíon bliantúil na n-uaireanta a oibríodh sna trí bliana deiridh de sheirbhís inphinsin. I ngach cás de scor de bharr drochshláinte a bhaineann le baill roinnte oibre den Scéim Pinsean, ba chóir Ciorclán 11 de 2012 ón Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ailt 19-20) a cheadú.

24.4 I gcás baill atá ar scor ar chúiseanna leighis ag téarnamh ó thinneas agus ag filleadh ar fhostaíocht, cuirfear deireadh leis an bpinsean. Ar scor ina dhiaidh sin, beidh an pinsean agus an chnapshuim bunaithe ar sheirbhís iomlán inphinsin, gan na blianta breise a bronnadh roimhe sin ar scor níos luaithe ar fhorais leighis a áireamh. Ina theannta sin, déanfar méid na cnapshuime a íoctar ar scor ar fhorais leighis a aisghabháil ón íocaíocht deiridh cnapshuime.

## 25. AISCÍ

### Aisce Gearrsheirbhíse

25.1 Tá aisce gearrsheirbhíse iníoctha le ball Scéime a théann ar scor ar fhorais leighis agus a bhfuil bliain amháin ar a laghad de sheirbhís ináirithe iarbhír acu ach níos lú ná an tréimhse dílsithe drochshláinte (cúig bliana féilire seirbhíse – féach roinn 24.2).

25.2. Is é méid an aisce gearrsheirbhíse ná:

(a) 1/12ú den luach saothair inphinsin in aghaidh gach bliana de sheirbhís ináirithe iarbhír;
MÓIDE

(b) 3/80ú de luach saothair inphinsin in aghaidh na bliana de sheirbhís ináirithe iarbhír **ar choinníoll go bhfuil an ball tar éis tréimhse dílseacháin na ballraíochta scéime a sheirbheáil** (dhá bhliain féilire seirbhíse – féach roinn 6.1).

Féadfaidh ball a bhfuil níos mó ná dhá bhliain féilire seirbhíse acu dámhachtain sochair chaomhnaithe a roghnú in ionad na hAisce Gearrseirbhíse sa chás ag (b) thuas.

### Aisce Bháis

25.3 Féach roinn n2 6.1 le haghaidh sonraí faoin aisce bháis.

### Aisce Bháis Chomhardaithe

25.4 Féach roinn 26.2 le haghaidh sonraí maidir leis an aisce bháis chomhardaithe.

# SOCHAIR BÁIS

## 26. BÁS I SEIRBHÍS AGUS BÁS TAR ÉIS IMEACHT AS SEIRBHÍS

### Bás i seirbhís

26.1 Nuair a fhaigheann ball Scéime bás, cibé acu i seirbhís nó tar éis scoir:

(a) féadfar aisce bháis a bheith iníoctha lena n-**ionadaí pearsanta dlíthiúil** (i.e. dá n-eastáit) – féach ranna 26.2 agus 26.3 thíos le haghaidh sonraí; agus
(b) féadfar **pinsin** a bheith iníoctha lena **c(h)éile marthanach/páirtnéir sibhialta marthanach agus leanaí cáilitheacha** – féach roinn 27 le haghaidh sonraí.

Tá sampla a chlúdaíonn an dá chatagóir íocaíochta seo – (a) agus (b) thuas – tar éis bhás baill tugtha ag roinn 27.17.

26.2 Má fhaigheann **ball lánaimseartha den Scéim** bás le linn seirbhíse, íoctar **aisce bháis dá ionadaí nó dá hionadaí pearsanta dlíthiúil** comhionann leis an gceann is mó díobh seo a leanas:

(a) luach saothair inphinsin an bhaill éagtha (féach roinn 16 le haghaidh sonraí); nó
(b) méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mba rud é go raibh sé/sí imithe ar scor ar fhorais easláinte ar dháta a bháis.

Má fhaigheann **ball páirtaimseartha den Scéim** bás i mbun seirbhíse, íoctar aisce bháis dá ionadaí nó dá hionadaí pearsanta dlíthiúil atá comhionann leis an gceann is mó díobh seo a leanas:

(a) tuarastal iarbhír an bhaill éagtha (ní tuarastal coibhéiseach lánaimseartha, féach ailt 22 agus 23 de Chiorclán 11/2012 de chuid Roinn na Seirbhíse Poiblí);
nó
(b) méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mbeadh sé/sí imithe ar scor ar fhorais easláinte ar dháta a bháis.

Féadfar pinsean a dheonú freisin don mharthanóir nó d'aon leanaí incháilithe (féach roinn 27).

### Bás tar éis scoir

26.3 Má fhaigheann ball bás tar éis dóibh dul ar scor le pinsean agus cnapshuim láithreach, agus má bhíonn méid na cnapshuime, móide iomlán na n-íocaíochtaí pinsin suas go dtí dáta an bháis, níos lú ná luach saothair inphinsin an bhaill éagtha, beidh **aisce bháis chomhardaithe** comhionann le méid an easnaimh sin iníoctha le hionadaí pearsanta dlíthiúil an bhaill éagtha.

Féadfar pinsean a dheonú freisin don mharthanóir nó d'aon leanaí incháilithe (féach roinn 27).

**Aisce bháis nó aisce cothromaíochta a íoc**

26.4 Ionas go n-íocfar aon aisce bháis (roinn 26.2) nó aon aisce bháis chomhardaithe (roinn 26.3), ba chóir probháid bhunaidh na huachta, nó má fhaigheann an ball bás gan tiomna, bunlitreacha riaracháin, a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais.

## 27. SOCHAIR MHARTHANÓIRÍ AGUS LEANAÍ

27.1 Ar choinníoll go bhfuil an ball Scéime ina b(h)all freisin den scéim Marthanóirí agus Leanaí (S&C), ansin tá sochair Marthanóirí agus Leanaí iníoctha. Soláthraíonn na sochair S&C seo pinsin do mharthanóir agus/nó leanaí cleithiúnacha baill a fhaigheann bás le linn seirbhíse nó tar éis dóibh cáiliú do dhámhachtain pinsin. Is iad na hOifigigh Chléireachais sin amháin a ceapadh ar 1 Deireadh Fómhair 1985 nó tar éis sin agus iad siúd a bhain leas as rogha a cheadaigh an Roinn chun dul isteach sa scéim S&C laistigh den amscála sonraithe atá ina gcomhaltaí de scéim S&C. Tabhair do d'aire mar sin nach mbaineann na sonraí agus na samplaí maidir le sochair S&C thíos ach leis na baill sin de Scéim na nOifigeach Cléireachais atá ina mbaill de scéim S&C freisin.

### Tairbhithe agus cáiliú

27.2 Is iad seo a leanas tairbhithe na sochar Marthanóirí agus Leanaí:

- Céile/páirtnéir sibhialta beag beann ar dháta clárúcháin an phósta nó na páirtnéireachta sibhialta
- Gach leanbh incháilithe

27.3 Measfar leanaí a bheith incháilithe le haghaidh íocaíocht pinsin má tá siad:

(a) faoi 16 bliana d'aois;
(b) faoi 22 bliain d'aois agus ag fáil oideachais lánaimseartha ; nó
(c) sa chás go bhfuil an leanbh faoi éagumas mar gheall ar éiglíocht mheabhrach nó choirp agus go raibh an éiglíocht seo i láthair fad a bhí an leanbh faoi 16 nó 22 má bhí sé in oideachas lánaimseartha; i gcás den sórt sin, féadfar an pinsean a íoc ar feadh shaolré an linbh éagumasaithe.

### Ráta íocaíochta

27.4 Don chéad mhí tar éis bhás an bhaill, gheobhaidh an céile/páirtnéir sibhialta an íocaíocht seo a leanas:

| | |
|---|---|
| I gcás go bhfaighidh an ball bás i seirbhís | Pinsean comhionann le 1/12 de thuarastal an bhaill éagtha |
| I gcás go bhfaighidh an ball bás ar phinsean | Pinsean comhionann le<br>• 1/12 den phinsean scoir bliantúil a bheadh ag an duine éagtha, nó<br>• 1/12 de ráta bliantúil an phinsin marthanóirí (féach díreach thíos),<br>cibé acu is mó |

Ina dhiaidh sin, gheobhaidh an céile/páirtnéir sibhialta pinsean marthanóirí mar a leanas:

| | |
|---|---|
| I gcás go bhfaighidh an ball bás i seirbhís nó le linn dóibh pinsean easláinte a fháil | Pinsean cothrom le 50% den phinsean a bheadh ag an mball ag 65 bliain d'aois |
| I gcás go bhfaighidh an ball bás ar phinsean | Pinsean cothrom le 50% de phinsean an bhaill |
| I gcás go bhfaigheann an ball bás agus iad i dteideal sochair chaomhnaithe | Pinsean cothrom le 50% de phinsean caomhnaithe an bhaill |

**Sampla:**
Faigheann ball bás le linn seirbhíse an 1 Iúil 2021 ag 46 bliain d'aois agus 15 bliana seirbhíse aici. Is é 65 aois an phinsin chaomhnaithe aici, agus is é 19 mbliana an tseirbhís fhéideartha go dtí 65 bliain d'aois. Ba é a luach saothair inphinsin tráth an bháis ná €46,466 in aghaidh na bliana.

Ríomhtar an pinsean marthanóirí atá iníoctha leis an gcéile/páirtnéir sibhialta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Luach saothair inphinsin | €46,466 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) amhail an 1 Iúil 2021 | €12,956 |
| Pinsean baill barúlach bunaithe ar 34 bliana seirbhíse (€46,466 x 34.0000 x 1/200) | €7,899 |
| Pinsean céile/páirtnéir sibhialta (€7,899 x 50%) | €3,950 |

27.5 Sa chás go bhfuil leanaí cleithiúnacha incháilithe ag an mball éagtha, beidh pinsean iníoctha le gach leanbh cleithiúnach dá leithéid. Beidh uasmhéid an phinsin leanaí comhionann leis an bpinsean marthanóirí. Sa chás go bhfágann an duine nach maireann céile marthanach/páirtnéir sibhialta marthanach agus suas le triúr leanaí cleithiúnacha, beidh an pinsean iníoctha le gach leanbh ag ráta aon trian de phinsean an mharthanóra. Sa chás go bhfuil níos mó ná triúr leanaí cleithiúnacha ann, roinnfear an t-uasmhéid go cothrom idir na leanaí.

Sa sampla thuas, dá mbeadh beirt leanaí incháilithe, is é an pinsean a bheadh iníoctha le gach leanbh ná:

€3,950 / 3 = €1,317

Mar sin d'íocfaí €2,634 (€1,317 x 2) san iomlán i bpinsin leis an mbeirt leanaí.

Dá mbeadh ceathrar leanaí incháilithe, is é an t-uasmhéid iníoctha ná €3,950 roinnte go cothrom ar an gceathrar leanaí.

27.6 Sa chás go bhfuil leanaí cleithiúnacha ag an duine éagtha agus nach bhfuil céile nó páirtnéir sibhialta ar marthain ag an duine éagtha, nó i gcás go bhfuil céile nó páirtnéir sibhialta ag maireachtáil air nó uirthi a fhaigheann bás ina dhiaidh sin, is mar seo a leanas a bheidh an pinsean iníoctha:

- I gcás go bhfuil leanbh amháin ann, 1/3 de phinsean an duine nach maireann; nó
- I gcás ina bhfuil beirt leanaí nó níos mó, ráta i leith gach linbh comhionann le leath phinsean an duine éagtha arna roinnt ar líon na leanaí.

**Ranníocaíochtaí**

27.7 Íocann baill scéime Ranníocaíochtaí Tréimhsiúla i leith sochair Marthanóirí agus Leanaí. D'fhéadfadh Ranníocaíochtaí Neamhthréimhsiúla a bheith iníoctha freisin as seirbhís roimh ré nach bhfuil ranníocaíochtaí íoctha ina leith.

**Ranníocaíochtaí Tréimhsiúla**

27.8 Íoctar ranníocaíochtaí tréimhsiúla trí asbhaint ón tuarastal ar bhonn leanúnach. Is é an ráta ranníocaíochta ná 1.5% den ghlanluach saothair inphinsin. Níl ranníocaíochtaí tréimhsiúla iníoctha ach amháin i leith tréimhsí seirbhíse inphinsin; ní íoctar iad le linn tréimhsí saoire speisialta gan phá, saoire bhreoiteachta gan phá, nó saoire bhreoiteachta ag ráta pá an Luach Saothair Athshlánaithe Sealadaigh (TRR). Tá ranníocaíochtaí iníoctha áfach le linn tréimhsí saoire bhreoiteachta íoctha, cibé acu ar phá iomlán nó ar leathphá, agus is é an ranníocaíocht do na tréimhsí seo ná 1.5% den ghlanluach saothair inphinsin (fiú nuair a bhíonn pá breoiteachta ag leath-ráta).

**Ranníocaíochtaí Neamhthréimhsiúla _**

27.9 Íoctar ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla (trí asbhaint ón gcnapshuim scoir, cnapshuim chaomhnaithe, aisce bháis nó aisce bháis chaomhnaithe, de réir mar is cuí) i leith na mball agus iad ag scor dá seirbhís;

(a) atá pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta; nó
(b) a bhí pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta am éigin le linn bhallraíocht sa Scéim.

27.10 Tá ranníocaíochtaí **neamhthréimhsiúla iníoctha** i leith "seirbhís iomchuí", a chiallaíonn**:**

(a) do bhall atá pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, an tseirbhís go léir (lena n-áirítear seirbhís bharúlach) atá ináirithe do phinsean marthanóirí;
(b) i gcás ball ar baintreach nó ball a bhfuil colscaradh nó díscaoileadh páirtnéireachta sibhialta faighte acu, an tréimhse ó thús seirbhís ináirithe an bhaill go dtí dáta deireadh an phósta/deireadh na páirtnéireachta sibhialta.

27.11 Is é an ráta ranníocaíochta neamhthréimhsiúil :

- 1% den ghlanluach saothair inphinsin do gach bliain de sheirbhís ábhartha, lúide aon bhlianta ar íocadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla (nó ranníocaíochtaí ceannaigh) ina leith.

27.12 **Níl ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla iníoctha** ag aon bhall nach raibh pósta agus nach raibh i bpáirtnéireacht shibhialta i gcónaí le linn dó nó di bheith ina mball den Scéim.

27.13 Ní dhéantar ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla a íoc ach amháin mura bhfuil ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha ag ball i leith gach seirbhíse ábhartha, e.g.

(a) i gcásanna báis le linn seirbhíse nó scoir ar fhorais leighis (i gcás ina gcuirtear seirbhís ionchasach an bhaill go dtí 65 bliain d'aois chun sochair do chéile nó do pháirtnéir sibhialta an bhaill); nó
(b) seirbhís aistrithe roimh ré nó aon tréimhse seirbhíse eile nár íocadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla ina leith; nó
(c) blianta breise a deonaíodh le haghaidh scoir ar fhorais leighis.

27.14 Féadfaidh ball a bhfuil “seirbhís réamh-Scéime” acu (mar atá ag (b) i roinn 27.13) an muirear neamhthréimshiúil i leith na seirbhíse sin a laghdú nó deireadh a chur leis trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla breise a íoc ag ráta 1.5% de ghlanmhéid an luach saothair inphinsin don tréimhse chomhfhreagrach seirbhíse a bhfuil ranníocaíochtaí dlite ina leith. Mar rogha air sin féadfaidh an ball ranníocaíochtaí leanúnacha a “dhúbailt suas” (nó iolraí eile de ranníocaíochtaí leanúnacha a íoc) chun an dliteanas a urscaoileadh.

**Sampla:**
Tá ball de Scéim na nOifigeach Cléireachais pósta agus tá seirbhís pháirtaimseartha acu roimhe seo arb ionann é agus 2.50 bliain. Ní dhearnadh aon ranníocaíochtaí do shochair Marthanóirí agus Leanaí agus mar sin tá dliteanas 2.50 bliain ag dul ar scor.

Is é costas an dliteanais (2.50 x 1%) = 2.50% den ghlanluach saothair inphinsin atá le baint as an gcnapshuim scoir.

De rogha air sin, d’fhéadfadh an ball rogha a dhéanamh 1.5% breise dá ghlanluach saothair inphinsin a íoc thar thréimhse 2.50 bliain nó dúbailt suas agus 3.75% (2.50 x 1.5% = 3.75%) de ghlanluach saothair inphinsin a íoc thar thréimhse dhá mhí dhéag.

**Aisíoc ranníocaíochtaí**

27.15 Déantar ranníocaíochtaí maidir le sochair Marthanóirí agus Leanaí ó bhaill Scéim na nOifigeach Cléireachais a aisíoc sna cúinsí seo a leanas:

(a) i gcás ina scoireann ball den tseirbhís (seachas ar bhás), nach gcáilíonn siad do phinsean nó do phinsean caomhnaithe, agus nach n-aistríonn siad seirbhís chuig eagraíocht eile – sa chás seo, tá aisíocaíocht iomlán iníoctha (is í an chúis is coitianta leis seo ná go bhfuil níos lú ná dhá bhliain seirbhíse ag an mball);

(b) i gcás ina mbeidh ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha ag ball ar feadh tréimhse is faide ná 40 bliain; sa chás seo, déantar aisíocaíocht i leith na tréimhse barrachais amháin (ag tosú leis na ranníocaíochtaí tosaigh a d'íoc an ball, i.e. na chéad íocaíochtaí a rinneadh isteach sa scéim).

27.16 Go ginearálta bíonn gach aisíocaíocht ranníocaíochtaí i leith daoine beo faoi réir muirear cánach. Mar sin féin, tagann aisíocaíochtaí maidir le cásanna Bás le linn Seirbhíse faoi raon teorainneacha saor ó cháin na gCoimisinéirí Ioncaim do chnapshuimeanna báis-le-linn-seirbhíse, mar sin de ghnáth beidh aisíocaíochtaí i gcúinsí den sórt sin, faoi Rialacha reatha na gCoimisinéirí Ioncaim, saor ó cháin.

**Comhshampla – aisce bháis agus pinsean marthanóra (ag clúdach Ranna 26 & 27).**

27.17 Faigheann Maura, Oifigeach Cléireachais lánaimseartha agus ball sa Scéim bás agus é i mbun seirbhíse agus maireann a fear céile Seán slán. Is ball sa scéim S&C í agus is iad seo a leanas a sonraí atá ábhartha chun aisce bháis agus pinsean marthanóra a ríomh:

- Dáta breithe: 31 Bealtaine 1965
- Dáta báis: 24 Márta 2021
- Seirbhís ag am an bháis: 12.6 bliain
- Tuarastal tráth an bháis: €40,590
- Aois pinsin chaomhnaithe: 65

Tar éis bhás Maura, taispeánann na hoibreacha samplach thíos conas a dhéantar

- an aisce bháis is iníoctha lena hionadaí pearsanta dlíthiúil, agus
- pinsean an mharthanóra iníoctha lena fear céile Seán

a ríomh.

**Pinsean marthanóra**

Is é 65 aois pinsin caomhnaithe Maura, agus, toisc go raibh sí ag obair go lánaimseartha, is é 9.1863 bliain a seirbhís ionchasach tráth a bháis. Cuirtear é seo lena seirbhís iarbhír de 12.6 bliana, chun méid iomlán seirbhíse de 21.7863 bliain a thabhairt.

Ríomhtar an pinsean marthanóra atá iníoctha lena fear céile Seán mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Luach saothair inphinsin | €40,590 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) ag 24 Márta 2021 | €12,956 |
| Pinsean barúlach ball bunaithe ar 21.7863 bliain seirbhíse (€40,590 x 21.7863 x 1/200) | €4,422 |

| | |
|---|---|
| **Pinsean céile/páirtnéir sibhialta (€4,422 x 50%)** | **€2,211** |

**Aisce bháis**

Mar a shonraítear i roinn 26.2, tá an aisce bháis is iníoctha i gcás baill lánaimseartha ar nós Maura bás le linn seirbhíse cothrom leis an gceann is mó díobh seo a leanas:

(a) tuarastal inphinsin iarbhír an bhaill éagtha a fuarthas (féach ailt 22 agus 23 de Chiorclán 11/2012 de chuid Roinn na Seirbhíse Poiblí);
nó
(b) méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mbeadh sé/sí imithe ar scor ar fhorais easláinte ar dháta a b(h)áis.

***Ríomh (a)***
I gcás Maura, tá (a) díreach thuas cothrom le €40,590.

***Ríomh (b)***
Chun (b) a ríomh – an dámhachtain bharúlach pinsin um easláinte – ní mór ar dtús a fháil amach líon na mblianta breise is iníoctha do Maura dá mbeadh sí imithe ar scor ar fhorais easláinte ar dháta a báis (féach roinn 26.3). Ina cás siúd, is é an ceann is fabhraí de:

(i) an difríocht idir seirbhís iarbhír agus 20 bliain, faoi réir uasmhéid de sheirbhís fhéideartha go dtí 65 bliana d'aois (arb ionann é sa chás seo, agus í ag obair go lánaimseartha, agus 9.1863 bliain),
= 20.0000 – 12.6000 = 7.4 bliain
nó
(ii) 6.6667 bliain, faoi réir seirbhíse féideartha go dtí 60 bliain d'aois, arb ionann é agus díreach 4.1863 bliain

Ós rud é go bhfuil (i) níos fabhraí ná (ii), mar sin:

- is é 7.4 bliana breisiú na mblianta breise;
- is é 20 bliain an tseirbhís iomlán do dhámhachtain bharúlach drochshláinte [12.6 + 7.4]; agus
- is í an cnapshuim atá iníoctha do Maura faoi ríomh (b) dá mbeadh sí scortha ar fhorais leighis ar dháta an bháis ná €30,443 (arna ríomh mar €40,590 x 20.0000 x [3/80]) = €30,443).

Ina cás siúd, tá (a) thuas – tuarastal bliana amháin de €40,590 – níos mó ná (b) thuas – €30,443 – sa chaoi is

**Aisce bháis chomhlán** = €40,590

Ní mór measúnú a dhéanamh ansin ar asbhaint ón aisce bháis chomhlán maidir le ranníocaíochtaí Marthanóirí agus Leanaí neamhíoctha. **Ríomhtar an asbhaint**

**neamhthréimhsiúil seo ag ráta 1% den ghlanluach saothair inphinsin in aghaidh na bliana, bunaithe ar sheirbhís fhéideartha go dtí 65 bliana d'aois** (féach roinn 27.11).

Glanluach saothair inphinsin = €14,677 [€40,590 – (€12,956 x 2)]

Asbhaint = €14,677 @ 1% in aghaidh na bliana do 9.1863 bliain = €1,348

**Glan-aisce bháis** = €39,242

## IARRATAS AR SHOCHAIR AGUS ÍOCADH

### 28. IARRATAS AR SHOCHAIR (LENA N-ÁIRÍTEAR DEARBHUITHE)

28.1 Chun aon sochar pinsin a phróiseáil, ní mór foirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach chuig Rannóg na bPinsean, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Co. na hIarmhí. Ba cheart gach roinn a chomhlánú, agus ba cheart sonraí aon seirbhíse roimhe seo a chur isteach lena bhfíorú chun críocha pinsin.

28.2 Éilíonn an fhoirm iarratais go ndéanfaí roinnt dearbhuithe. Ba chóir do bhall a bhfuil aon phlean eile de phinsean príobháideach nó Ranníocaíocht Dheonach Breise (AVC) acu a chinntiú go bhfuil sonraí na dteidlíochtaí pinsin sin san áireamh san fhoirm iarratais chomhlánaithe.

28.3 Is ceanglas reachtúil é an ceanglas na dearbhuithe seo a dhéanamh – féach roinn 3 6.3.

28.4 I measc na bhfoirmeacha iarratais ar leith eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tá: D2 Drochshláinte, NTS 1 Deonach/Éigeantach agus Caomhnaithe, NTS 3 CNER.

## 29. PINSIN A ÍOC

29.1 Faoin socrú reatha, íocann an Rannóg Párolla gach pinsean i riaráiste gach coicís. Déantar gach íocaíocht, lena n-áirítear íocaíocht na cnapshuime scoir, go díreach isteach i gcuntas bainc. Ar scor, ní mór sainordú pá nua a chomhlánú leis an gcuntas bainc ainmnithe toisc nach bhfuil cead ag fostóirí sonraí cuntas bainc baill a aistriú.

29.2 Soláthraíonn Córas Párolla na Foirne ar Scor áis le haghaidh asbhaintí, amhail ranníocaíochtaí árachais sláinte, polasaithe árachais saoil agus Cáin Mhaoine Áitiúil. Beidh ort dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse chun asbhaintí ó d'íocaíocht pinsin a shocrú. Más mian leat do cháin mhaoine áitiúil a bheith asbhainte ó d'íocaíochtaí pinsin, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'Oifig Ioncaim áitiúil agus iad a chur ar an eolas faoi do mhianta.

# FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

## 30. PINSEAN A LAGHDÚ

30.1 Nuair a théann ball ar scor, agus go n-athfhostaítear iad ina dhiaidh sin sa tseirbhís phoiblí, déantar an pinsean a laghdú, nuair is gá, le linn na tréimhse fostaíochta ina dhiaidh sin chun a chinntiú nach sáraíonn méid an phinsin, mar aon le pá an bhaill i dtaca leis an tréimhse sin, an luach saothair a bheadh faighte ag an mball dá mba rud é, i rith na tréimhse sin, gur fhan sé nó sí sa phost a bhí aige nó aici ar an lá deiridh de sheirbhís ináirithe.

**Sampla:**
Téann ball Scéime ar scor ar phinsean €8,118. Is é an luach saothair inphinsin ar scor ná €40,590. Athfhostaítear an ball ina dhiaidh sin san earnáil phoiblí ar thuarastal de €37,000 in aghaidh na bliana.

Ós rud é go sáraíonn an pinsean agus an tuarastal nua le chéile an luach saothair inphinsin ag am scoir faoi **€4,528** [(€8,118 + €37,000) – €40,590], laghdófar an pinsean faoin méid sin.

**Laghdaítear an pinsean mar sin go €3,590** (€8,118 – €4,528). Cinntíonn an laghdú seo nach sáraíonn an tuilleamh uile (pinsean agus tuarastal nua) €40,590 in aghaidh na bliana.

30.2 Tabhair faoi deara, le do thoil, agus measúnú á dhéanamh ar aon laghdú pinsin a d’fhéadfaí a dhéanamh, gur cheart “an luach saothair a bheadh faighte ag an mball” i leith an (chéad phoist) roimhe sin a uasghrádú chun aon arduithe pá a cuireadh i bhfeidhm ar an ráta luach saothair sin tar éis don bhall dul ar scor a chur san áireamh.

## 31. IMPLEACHTAÍ NA nACHTANNA UM AN DLÍ TEAGHLAIGH

### Iontaobhaithe scéimeanna faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

31.1 Má theastaíonn faisnéis ó bhall chun críocha pinsin faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh, meastar an Roinn Oideachais a bheith ina nIontaobhaithe chun críocha na nAchtanna um an Dlí Teaghlaigh.

### Faisnéis a Sholáthar faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

31.2 Tá sé de dhualgas ar pháirtithe in imeachtaí faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh 1995 (Idirscaradh Breithiúnach) nó 1996 (Colscaradh) nó faoin Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 (Páirtnéireacht Shibhialta a dhíscaoileadh) faisnéis a áireamh faoina dteidlíochtaí aoisliúntais sa Mhionnscríbhinn Acmhainne nach mór dóibh a thabhairt don chúirt. Soláthraíonn na hIontaobhaithe an fhaisnéis seo don bhall. Tabhair faoi deara na pointí seo a leanas le do thoil:

(a) Ní mór gach iarratas ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn.
(b) Ní mór a lua i ngach iarratas ar fhaisnéis go bhfuil an fhaisnéis ag teastáil maidir le himeachtaí an Dlí Teaghlaigh agus cén Acht atá i gceist; agus
(c) Tá céilí agus páirtnéirí sibhialta ball i dteideal faisnéis ghinearálta a fháil faoi rialacha na scéime, ach ní féidir faisnéis a bhaineann go sonrach le baill a sholáthar ach amháin le toiliú i scríbhinn ón mball nó de bhun ordú cúirte.

### Orduithe Coigeartaithe Pinsin (OCPanna)

31.3 Is éard atá in OCPanna ná orduithe arna ndeonú ag ordú cúirte a ordaíonn gur cheart cuid de shochair aoisliúntais an bhaill nó iad uile a íoc le céile nó iar-chéile nó páirtnéir sibhialta cláraithe agus/nó leanaí cleithiúnacha an bhaill. Ní dheonaítear orduithe den sórt sin ach amháin má dhéantar forógra idirscartha bhreithiúnaigh (faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995), colscaradh (faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996) nó díscaoileadh páirtnéireachta sibhialta (faoin Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010) fhaightear. Féadfaidh téarmaí OCP téarmaí Acht na bPinsean 1990 agus rialacha aon scéime aoisliúntais dá dtagraíonn sé a shárú a mhéid is gá chun íocaíocht a fháil faoin ordú.

### OCPanna a chur i bhfeidhm

31.4 Ní dhéanfaidh na cúirteanna OCPanna mura bhfaca na hiontaobhaithe na dréacht-orduithe agus go bhfuil siad fíoraithe go bhfuil siad in ann iad a chur i bhfeidhm. Is minic, mar sin, a bhíonn iontaobhaithe páirteach i gcomhfhreagras faoi éifeachtaí agus torthaí na ndréacht-orduithe a chuirtear faoina mbráid. Nuair a dhéantar orduithe, tá dualgas ar na hiontaobhaithe, faoin dlí, faisnéis áirithe a thabhairt do na tairbhithe faoi éifeacht na n-orduithe. Tá sé de dhualgas orthu freisin na horduithe a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn íocaíocht le déanamh. Tá spriocdhátaí sna hAchtanna chun faisnéis áirithe a sholáthar, íocaíochtaí a dhéanamh i gcúinsí áirithe, etc.

**Tuilleadh eolais ar OCPanna**

31.5 Tá tuilleadh faisnéise ar OCPanna le fáil sna Treoirlínte um an Dlí Teaghlaigh arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (eagrán dar dáta 2 Feabhra 2021). Tá sé mar aidhm ag an doiciméad Treoirlínte sin cabhrú le hiontaobhaithe scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí maidir le riarachán agus cur i bhfeidhm OCPanna maidir le sochair atá iníoctha faoina scéimeanna. Níl sé i gceist, áfach, gur léirmhíniú dlíthiúil a bheadh ann ar an reachtaíocht agus ba chóir é a léamh in éineacht leis an reachtaíocht ábhartha agus Nótaí Treorach Údarás na bPinsean. Má tá amhras ar iontaobhaithe maidir le feidhmiú OCP, ba chóir comhairle dlí a lorg.

## 32. RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ AGUS ACHOMHAIRC

32.1 Maidir le Oifigigh Chléireachais atá ar seirbhís nó ar scor a bhfuil gearán acu faoi cheist pinsin, ba chóir dóibh é a ardú lena bhfostóir. Mura réitítear an gearán tríd an bpróiseas seo féadfaidh an té atá ag déanamh an ghearáin nó duine atá ag gníomhú ar a s(h)on iarratas a dhéanamh chuig an Aire Oideachais ar chinneadh maidir le gearán nó díospóid tríd an bPróiseas Réitigh Inmheánach Aighneas (Achomharc).

**Scála ama le haghaidh achomharc áirithe**

32.2 Féadfaidh an ball achomhairc a dhéanamh go díreach faoi:

- Cuid VII d'Acht na bPinsean 1990 (Comhionannas);
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001; nó
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe ) 2003.

Leagann na hAchtanna seo amach teorainneacha ama dochta maidir le hachomhairc a dhéanamh. Is iad na teorainneacha:

- i gcás Chuid VII d'Acht na bPinsean, 6 mhí nó 12 mhí ó dháta foirceanta na fostaíochta; agus
- i gcás an dá Acht eile, 6 nó 12 mhí ó dháta an tsáraithe líomhnaithe lena mbaineann an t-achomharc, nó ó dháta foirceanta na fostaíochta, cibé acu is luaithe.

**Cinneadh**

32.3 Tar éis don Aire Oideachais an t-achomharc a bhreithniú, agus roimh an gCinneadh a thabhairt chun críche, roinnfidh sé/sí leis an ngearánach an t-ábhar a mbeidh an Cinneadh ag brath air. Beidh deich lá oibre/dhá sheachtain ag an ngearánach ansin chun freagra a thabhairt ar an bhfianaise chomhroinnte seo. Tar éis don tréimhse seo a bheith caite, cuirfidh an tAire an cinneadh in iúl i scríbhinn don ghearánaí a bheidh (lena n-áirítear an tréimhse roinnte) laistigh de 3 mhí ón dáta a gheofar na sonraí go léir atá sonraithe thuas ag roinn 32.2.

Áireofar sa chinneadh:

(a) ráiteas ar an gcinneadh;
(b) tagairt d'aon reachtaíocht (seachas an scéim pinsean), fasach dlíthiúil, rialú an Údaráis Pinsean, rialú nó cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim nó ábhar eile ar a rabhthas ag brath le linn an chinnidh a dhéanamh;
(c) tagairt d'fhorálacha na scéime pinsin a rabhthas ag brath orthu le linn an chinnidh a dhéanamh agus, i gcás ina mbeidh rogha á feidhmiú, tagairt d'fhorálacha na scéime pinsin trína dtugtar an rogha sin;
(d) ráiteas nach bhfuil an cinneadh ina cheangal ar aon duine ach amháin más rud é, ar an gcinneadh a dhéanamh nó dá éis, go n-aontaíonn an duine, i scríbhinn, a bheith faoi cheangal aige; agus
(e) ráiteas gur cheart don iarratasóir a bhunú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an gearán nó an díospóid ina ghearán a bhfuil dlínse ag an Ombudsman

Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean ina leith imscrúdú a dhéanamh faoi alt 131 d'Acht na bPinsean 1990 agus gur féidir tuilleadh faisnéise a fháil i leabhrán faisnéise atá ar fáil ó Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, D02 VH29, Teileafón (01)5677000 nó www.fspo.ie

**An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean**

32.4 Sa chás nach réitítear an gearán, seachas éileamh faoi Chuid VII d'Acht na bPinsean (Comhionannas), faoin Acht um Obair Pháirtaimseartha nó faoin Acht um Obair Téarma Sheasta faoin Nós Imeachta Achomharc (Réiteach Inmheánach Aighneas) a leagtar amach thuas, d'fhéadfadh go mbeadh an gearánach i dteideal gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

Imscrúdaíonn an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean gearáin faoi chaillteanas airgeadais de bharr gníomhartha drochriaracháin maidir le pinsin ghairme agus CCSPanna, agus díospóidí áirithe fíricí nó dlí maidir le gníomhartha a rinneadh.

Ní féidir le cinneadh ón Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean na nithe seo a leanas a éileamh:

(i) athrú ar rialacha na scéime; nó
(ii) cinneadh an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean a chur in ionad i gcásanna ina bhfuil cumhacht lánroghnach curtha i bhfeidhm ag Iontaobhaithe.

**Teorainneacha Ama maidir le Gearáin chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean**

32.5 Is iad na teorainneacha ama chun gearáin den sórt sin a dhéanamh:

(a) 6 bliana ó dháta an ghnímh as a dtáinig an gearán nó an díospóid; nó
(b) 3 bliana ó tháinig an gearánach ar an eolas nó ba chóir go mbeidís ar an eolas faoin ngníomh ba chúis leis an ngearán nó leis an díospóid.

Tá cosc iomlán ar aon ghearánaí dul siar níos faide ná 13 Aibreán 1996.

32.6 Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, ní féidir leis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean imscrúdú a dhéanamh ar ghearán go dtí go meastar go bhfuil nósanna imeachta inmheánacha um réiteach díospóide (IDR) ídithe. Maidir le scéimeanna na hearnála poiblí, úsáidtear na forálacha reachtúla reatha d'achomhairc Aireachta, ach ar an mbonn NACH bhfuil cinneadh an Aire Oideachais críochnaitheach toisc go bhféadfaí achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Aire chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

**Próiseas Achomharc**

32.7 Beidh iarratas i scríbhinn, sínithe ag an tairbhí iarbhír nó thar ceann an tairbhí iarbhír agus beidh na sonraí seo a leanas ann:

- ainm iomlán, seoladh agus dáta breithe an tairbhí iarbhír nó an tairbhí ionchasaigh;
- an seoladh a úsáidfear chun doiciméid a sheirbheáil i dtaca leis an iarratas;
- ráiteas maidir le cineál an ghearáin nó na haighnis le sonraí leordhóthanacha chun a thaispeáint cén fáth arb éagóir leis an tairbhí iarbhír nó leis an tairbhí ionchasach;
- cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ón Aire.

## 33. COIGEARTUITHE PINSIN

33.1 Dámhtar méaduithe ar phinsin seirbhíse poiblí de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Rialacháin arna ndéanamh faoi roinn 29 d'Acht na bPinsean (Méadú) 1964.

33.2 Sa chleachtas, tá arduithe pá ginearálta ó 1984 curtha ar aghaidh chuig pinsinéirí seirbhíse poiblí ar an mbonn céanna leis an bhfoireann ar seirbhís. Tá an polasaí seo, ar a dtugtar "paireacht pá" uaireanta, faoi réir na heisceachta tábhachtaí seo a leanas:

- i gcás inarb ionann ardú pá agus ciorrú pá a fhreaschur nó a fhreaschur i bpáirt; agus
- i gcás ina bhfanann an leibhéal pá tar éis ardú pá den sórt sin níos ísle ná an ráta pá is bun leis an bpinsean,

ansin ní mhéadaítear an pinsean.

Gearradh ciorruithe ginearálta pá ar fud na seirbhíse poiblí in 2010 (tionchar ar gach leibhéal pá) agus in 2013 (tionchar ar leibhéil pá os cionn €65,000 in aghaidh na bliana).

33.3 Deimhníodh go dtí deireadh 2020 an polasaí paireachta pá d'arduithe pinsin dá dtagraítear thuas i *gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020* (mír 6.2). Leathnaíodh an Comhaontú sin go dtí deireadh 2022 trí *Mhóiminteam a Thógáil - Comhaontú nua seirbhíse poiblí, 2021-2022* (míreanna 3.1.1 agus 3.1.2). Clúdaítear an beartas um ardú pinsin ar bhealach níos sonraí i gCiorclán 19/2019 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Treoir bhreise ar an mbeartas um ardú pinsin sa tseirbhís phoiblí go dtí deireadh 2020.

33.4 Tá cumhacht ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 rialacháin a dhéanamh chun méaduithe pinsin seirbhíse poiblí a nascadh leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (IPC), ar bhealach atá cosúil leis an gcleachtas sa Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Theastódh faomhadh ó dhá Theach an Oireachtais d'fheidhmiú na cumhachta seo ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 34. FAOISEAMH CÁNACH AR RANNÍOCAÍOCHTAÍ AOISLIÚNTAS

34.1 Baineann uasmhéid na ranníocaíochtaí pinsin in aon bhliain amháin a bhfuil duine i dteideal faoisimh chánach ina leith le haois agus cuirtear in iúl é mar chéatadán den ioncam comhlán mar a leanas (rátaí reatha ó Mheán Fómhair 2021) :

| **An aois is airde i mbliain na ranníocaíochta pinsin** | **% den ioncam comhlán a bhfuil faoiseamh cánach ar fáil ina leith le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin** |
|---|---|
| Faoi 30 bliain | 15% |
| 30 go 39 bliain | 20% |
| 40 go 49 bliain | 25% |
| 50 go 54 bliain | 30% |
| 55 go 59 bliain | 35% |
| 60 bliain agus os a cionn | 40% |

Tá an faoiseamh cánach seo faoi réir teorann tuillimh freisin. Is é an t-uasmhéid tuillimh a chuirtear san áireamh chun faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí pinsin a ríomh ná €115,000 in aghaidh na bliana.

34.2 Tugtar faoiseamh cánach do ranníocaíochtaí ceannaigh tréimhsiúla ag an bhfoinse tríd an bpárolla, ag ráta imeallach cánach ioncaim an bhaill. Don rogha ceannaigh trí chnapshuim, áfach, caithfidh an ball lena mbaineann an faoiseamh a éileamh go díreach ar na Coimisinéirí Ioncaim. Toisc go gclúdaíonn na teorainneacha faoisimh cánach gach ranníocaíocht aoisliúntais a d'íoc ball (lena n-áirítear ranníocaíochtaí faoin Scéim Marthanóirí agus Leanaí) d'fhéadfadh sé nach mbeadh ranníocaíochtaí ceannaigh tréimhsiúla nó cnapshuime an-mhór infhaoisimh go hiomlán chun críocha cánach sa bhliain ina ndéantar na ranníocaíochtaí. Go háirithe, ba chóir do bhaill na Scéime atá ag roinnt oibre / postroinnt / páirtaimseartha a thabhairt faoi deara, cé go ngearrtar ranníocaíochtaí ceannaigh ar an ráta iomlán bliantúil tuarastail, go bhfuil an faoiseamh cánach bunaithe ar ioncam iarbhír baill i mbliain ar leith – i.e. ráta laghdaithe an tuarastail.

34.3 Moltar do bhaill atá ag smaoineamh ar sheirbhís a cheannach, go háirithe má tá an rogha ceannaigh ag an dáta scoir nó an-chóngarach don dáta scoir, sula dtosóidh siad ar rogha ceannaigh staid an fhaoisimh cánach a shoiléiriú lena nOifig Cánach áitiúil féin má tá aon cheist acu ina leith sin nó dul i dteagmháil le www.revenue.ie.

## 35. CÁNACHAS

35.1 Forálann alt 14(1)(e) den Acht Airgeadais 2006, má tá luach comhiomlán caipitil ar tharraingt anuas os cionn tairsí sonraithe ag duine ag a bhfuil sochair scoir (ó fhoinse ar bith, lena n-áirítear gach scéim aoisliúntais san earnáil phoiblí, ach gan sochair chosanta sóisialta a áireamh), tá dliteanas cánach ar an duine sin i leith na méideanna os cionn na tairsí sin. Tá an tairseach seo, nach mbaineann ach le sochair iníoctha den chéad uair ar 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh sin, agus socraithe ag €2 mhilliún faoi láthair, tar éis leasuithe breise a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2012 agus leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2013. Sa chás go sáraítear an tairseach, nó an tairseach ciste pearsanta (TCP) a fhaigheann duine ó na Coimisinéirí Ioncaim, gearrtar táille cánach ioncaim roimh ré de 40% ar an mbarrachas inmhuirir. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach an Litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Pearsanra an 27 Meitheamh 2014.

**Nóta Tábhachtach:** Tá an fhoirm dhearbhaithe ábhartha mar chuid de na foirmeacha Iarratais Scoir. Ní féidir aon sochair a cheadú go dtí go mbeidh na foirmeacha comhlánaithe riachtanacha faighte ag riarthóirí na Scéime.

35.2 Maidir le pinsean fabhraithe tar éis an 1 Eanáir 2014, soláthraíonn na fachtóirí sochair shainithe i dtábla na gCoimisinéirí Ioncaim thíos an téarma “deachúil” aoischoibhneasa a úsáidtear chun aon nochtadh cánach “barrachais inmhuirir” a ríomh, den chineál a bhfuil cur síos air díreach thuas.

| **Fachtóirí Sochair Shainithe** | | | |
|---|---|---|---|
| **Aois** | **Fachtóir** | **Aois** | **Fachtóir** |
| 50 & faoina bhun | 37 | 61 | 29 |
| 51, 52 | 36 | 62 | 28 |
| 53 | 35 | 63,64 | 27 |
| 54 | 34 | 65 | 26 |
| 55, 56 | 33 | 66 | 25 |
| 57 | 32 | 67,68 | 24 |
| 58 | 31 | 69 | 23 |
| 59, 60 | 30 | 70+ | 22 |

Tá feidhm ag fachtóir 20 maidir le pinsean fabhraithe suas go dtí 1 Eanáir 2014.

**Sampla:**
Téann ball ar scor ar 31 Lúnasa 2021 in aois a 65 ar phinsean €6,718 agus cnapshuim €50,388. Is í an tseirbhís inphinsin ag am scoir ná 40 bliain. Tá polasaí

AVC ag an mball freisin a bhfuil luach ciste de €166,000 aige tráth a tharraingt anuas. Ríomhaimid aon dliteanas cánach mar seo a leanas:

Is í an fhoirmle is infheidhme:

[Méideanna pinsin fabhraithe go dtí 01/01/2014 x **deachúil** (20)] + [Méideanna pinsin a fabhraíodh tar éis 01/01/2014 x **deachúil** (a bhaineann le haois)] + luach aon chnapshuime a fuarthas

| **Méid an tSochair** | **Deachúil** | **Méid** |
|---|---|---|
| Pinsean ó Scéim na nOifigeach Cléireachais de €6,718<br>x (32.3342/40) (cion an phinsin fabhraithe suas go dtí an 1 Eanáir 2014) | 20 | €108,611 |
| Pinsean ó Scéim na nOifigeach Cléireachais de €6,718<br>x (7.6658/40) (cion an phinsin fabhraithe suas go dtí an 1 Eanáir 2014) | 26 | €33,474 |
| Cnapshuim Scéim na nOifigeach Cléireachais | N / A | €50,388 |
| Luach an Chiste AVC ag tarraingt anuas | N / A | €166,000 |
| **Sochar Iomlán:** | | **€ 358,473** |

Toisc go bhfuil luach caipitil na sochar sainithe níos lú ná an tairseach €2 mhilliún, níl aon cháin eile dlite.

35.3 Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, beidh luach comhcheangailte cnapshuimeanna duine ó Scéimeanna Pinsin ceadaithe (lena n-áirítear scéimeanna pinsin cheirde le sochar sainithe/ranníocaíocht shainithe, conarthaí blianachta scoir, CCSP agus socruithe Ranníocaíochta Deonaí Breise (AVC)) faoi réir cánach nuair a sháraíonn an luach iomlán sin tairseach de €200,000. Faoi théarmaí na Scéime Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna, tá teorainn chnapshuime scoir de 1.5 oiread an tuarastail scoir. Mar sin, mura bhfuil pinsean príobháideach nó polasaí AVC i bhfeidhm, ní dócha go ngearrfar cáin ar Oifigigh Chléireachais ar a gcnapshuim scoir. Mar sin féin, má sháraítear an tairseach thuasluaite, beidh feidhm ag cáin os cionn an phointe sin.

35.4 Ríomhtar an cháin atá dlite ar chnapshuimeanna scoir mar seo a leanas:

| **Rátaí cánachais cnapshuime** | |
|---|---|
| Méid na cnapshuime | Rátaí cánach ioncaim |

| | |
|---|---|
| Suas le €200,000 | 0% |
| €200,001 – €500,000 * | 20% |
| Níos mó ná €500,000 | Tá ÍMAT agus MSU i bhfeidhm |

* Tá an uasteorainn de €500,000 sa bhanda seo den tábla bunaithe ar 25% de thairseach an chiste chaighdeánaigh (SFT). Socraíodh an SFT, arb é an ciste pinsin uasta cáinfhaoisimh is infheidhme go ginearálta do dhuine aonair, ag €2 mhilliún in 2014 agus leanann an tsuim sin de bheith i bhfeidhm (ó Mheán Fómhair 2021). Is é an ráta cánach 20% ar an mbanda seo an ráta caighdeánach cánach ioncaim ag an am a íoctar an chnapshuim. (Foinse: Lámhleabhar Pinsean na gCoimisinéirí Ioncaim, Caibidil 27 ["athbhreithnithe go deireanach Meán Fómhair 2019"], míreanna 3 agus 5.)

## 36. CAIBIDIL 4 D'ACHT UM PINSIN NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (SCÉIM AONAIR AGUS FORÁLACHA EILE), 2012 A MHÉID A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM IATA PINSIN D'OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS CHÁILÍTHE I mBUNSCOILEANNA AGUS MEÁNSCOILEANNA

36.1 Déileálann Caibidil 4 (ailt 49 – 54) de Chuid 2 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 le "**Forálacha is Infheidhme maidir le gach Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí**". Tháinig sé i bhfeidhm go hiomlán le héifeacht ón 1 Samhain 2012.

36.2 Tugann Caibidil 4 den Acht roinnt forálacha le chéile i réimse amháin den reachtaíocht phríomha, lena n-áirítear:

- teorainn 40 bliain ar sheirbhís inphinsin iomlán thar bhallraíocht i scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin nó níos mó **"atá ann cheana"**;
- raon feidhme an laghdaithe pinsin a leathnú: agus
- roinnt forálacha atá deartha chun tacú le riarachán éifeachtúil pinsin.

Is iad scéimeanna **"atá ann cheana"** na scéimeanna pinsin lena mbaineann seirbhísigh phoiblí a earcaíodh roimh 2013; áirítear leis an sainmhíniú an Scéim Pinsin Iata d'Oifigigh Chléireachais Cháilithe i mBunscoileanna agus Meánscoileanna ach ní áirítear Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

36.3 Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hailt ábhartha i gCaibidil 4 den Acht mar seo a leanas:

- **Alt 49 (Dualgas faisnéis etc. a thabhairt)**
  Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ag ball ar phinsean nó ag fáil pinsin, tá dualgas ann faisnéis a thabhairt atá riachtanach chun an scéim a oibriú i gceart.

- **Alt 50 (An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáid)**
  Toisc gur aitheantóir uathúil é seo, cuirtear ar gach doiciméad pinsin é agus cuirtear ar fáil don Phárolla é freisin. Ligeann an t-alt seo an UPSP a roinnt le comhlachtaí poiblí eile chun críocha riartha pinsean.

- **Alt 51 (Dualgas dearbhuithe a dhéanamh, etc.)**
  Tá dualgas ar dhuine atá ag dul i mbun fostaíochta sonraí a thabhairt faoi aon teidlíocht ar aon sochar caomhnaithe agus fógra a thabhairt don fhostóir má tá sé nó sí ag fáil aon sochar scoir. Cuireann an tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 bonn breise leis an riachtanas seo.

- **Alt 52 (Seirbhís inphinsin a laghdú agus a áireamh)**
  - Le h-alt 52 **leathnaítear an raon feidhme chun pinsean seirbhíse poiblí a laghdú i gcás** ina bhfilleann an seirbhíseach poiblí scortha a bhfuil an pinsean iníoctha leo ag obair sa tseirbhís phoiblí. Faoi réir sonraí pá agus pinsin gach cáis, is féidir le laghdú dá leithéid tarlú anois is cuma cén réimse ar leith den tseirbhís phoiblí ina bhfilleann an

pinsinéir ar obair. Tugtar sampla laghdaithe i roinn 30 den Lámhleabhar seo.

    - Le h-alt 52 freisin leagtar **teorainn fhoriomlán de 40 bliain de sheirbhís** thar bhallraíocht de phinsean seirbhíse poiblí amháin nó níos mó "atá ann cheana" chun sochair scoir a ríomh. Tá tuilleadh sonraí faoin teorainn seirbhíse 40 bliain seo tugtha i gCiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 13/2020: Treoir maidir le Cur i bhfeidhm na Teorann Sochar Pinsean faoi roinn 52(6) agus (7) de Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

- **Alt 53 (Scor nó laghdú sochar)**
  Déanann an t-alt seo foráil maidir le sochair scoir a dhiúltú nó a laghdú, lena n-áirítear sochair chaomhnaithe i gcás ina ndéantar ball den Scéim a dhífhostú nó má éiríonn siad as oifig agus go bhfuil caillteanas airgeadais ann don chomhlacht seirbhíse poiblí. Is féidir na sochair a laghdú chun an caillteanas seo a fhorchúiteamh.

- **Alt 54 (Teideal marthanóra chun pinsin)**
  Cuireann Alt 54 teorainn le híocaíocht Phinsin Marthanóra faoin Scéim le ball amháin nach maireann. Mar sin féin, má thagann cás chun cinn ina raibh ball nach maireann i dteideal níos mó ná pinsean seirbhíse poiblí amháin a fháil, féadfaidh an céile/páirtnéir sibhialta marthanach níos mó ná pinsean marthanóra amháin a fháil.

## AGUISÍN 1 : LUATHSCOR NEODRACH Ó THAOBH COSTAIS – TÁBLA D'FHACHTÓIR LAGHDAITHE ACHTÚIREACHA

(a) Aois chaomhnaithe 60:

| Daoine le haois chaomhnaithe 60 bliain d'aois | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 50 | 62.4% | 82.2% |
| 51 | 65.1% | 83.9% |
| 52 | 67.9% | 85.5% |
| 53 | 71.0% | 87.2% |
| 54 | 74.3% | 88.9% |
| 55 | 77.8% | 90.7% |
| 56 | 81.6% | 92.4% |
| 57 | 85.7% | 94.3% |
| 58 | 90.1% | 96.1% |
| 59 | 94.8% | 98.0% |

(b) Aois chaomhnaithe 65:

| Daoine le haois chaomhnaithe 65 bliana d'aois | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 55 | 58.2% | 82.4% |
| 56 | 61.1% | 84.0% |
| 57 | 64.1% | 85.6% |
| 58 | 67.4% | 87.3% |
| 59 | 71.0% | 89.0% |
| 60 | 74.8% | 90.7% |
| 61 | 79.0% | 92.5% |
| 62 | 83.6% | 94.3% |
| 63 | 88.5% | 96.1% |
| 64 | 94.0% | 98.0% |

**AGUISÍN 2: SEIRBHÍS BHARÚLACH A CHEANNACH – TÁBLAÍ RANNÍOCAÍOCHTAÍ INÍOCTHA**

**TÁBLA A – Ceannach trí thagairt d'aois 65, rátaí ranníocaíochta tréimhsiúla**

[Tá na rátaí seo le feiceáil freisin i dTábla 9 d'Aguisín 1 a ghabhann le Ciorclán 0129/2006.]

| Aois ag an mbreithlá deiridh | Comhtháite (Rang A ÁSPC)* | |
|---|---|---|
| | % de ghlantuarastal | % de thuarastal comhlán |
| 26 | 0.66% | 0.09% |
| 27 | 0.69% | 0.09% |
| 28 | 0.71% | 0.10% |
| 29 | 0.73% | 0.10% |
| 30 | 0.76% | 0.10% |
| 31 | 0.78% | 0.11% |
| 32 | 0.80% | 0.11% |
| 33 | 0.82% | 0.11% |
| 34 | 0.85% | 0.12% |
| 35 | 0.87% | 0.12% |
| 36 | 0.89% | 0.12% |
| 37 | 0.91% | 0.13% |
| 38 | 0.93% | 0.13% |
| 39 | 0.95% | 0.14% |
| 40 | 0.97% | 0.14% |
| 41 | 0.99% | 0.14% |
| 42 | 1.02% | 0.15% |
| 43 | 1.04% | 0.15% |
| 44 | 1.06% | 0.16% |
| 45 | 1.09% | 0.17% |
| 46 | 1.12% | 0.17% |
| 47 | 1.18% | 0.18% |
| 48 | 1.26% | 0.20% |
| 49 | 1.34% | 0.21% |
| 50 | 1.43% | 0.22% |
| 51 | 1.54% | 0.24% |
| 52 | 1.66% | 0.26% |
| 53 | 1.80% | 0.29% |
| 54 | 1.97% | 0.31% |
| 55 | 2.18% | 0.35% |
| 56 | 2.42% | 0.39% |
| 57 | 2.73% | 0.44% |
| 58 | 3.13% | 0.51% |
| 59 | 3.66% | 0.60% |
| 60 | 4.40% | 0.72% |
| 61 | 5.51% | 0.91% |
| 62 | 7.37% | 1.22% |
| 63 | 11.07% | 1.85% |

* Féach Fonóta le Tábla C.

**TÁBLA B – Ceannach trí thagairt d'aois 65, rátaí ranníocaíochta cnapshuime**
[Tá na rátaí seo le feiceáil freisin i dTábla 10 d'Aguisín 1 a ghabhann le Ciorclán 0129/2006.]

| Aois ag an mbreithlá deiridh | Comhtháite (Rang A ÁSPC) |
|---|---|
| | % den tuarastal comhlán |
| 26 | 27.0% |
| 27 | 27.5% |
| 28 | 27.9% |
| 29 | 28.3% |
| 30 | 28.7% |
| 31 | 29.0% |
| 32 | 29.3% |
| 33 | 29.5% |
| 34 | 29.6% |
| 35 | 29.7% |
| 36 | 29.8% |
| 37 | 29.7% |
| 38 | 29.7% |
| 39 | 29.5% |
| 40 | 29.3% |
| 41 | 29.1% |
| 42 | 28.8% |
| 43 | 28.4% |
| 44 | 28.0% |
| 45 | 27.5% |
| 46 | 27.0% |
| 47 | 26.4% |
| 48 | 25.8% |
| 49 | 25.1% |
| 50 | 24.4% |
| 51 | 23.6% |
| 52 | 22.8% |
| 53 | 22.0% |
| 54 | 21.4% |
| 55 | 21.7% |
| 56 | 21.9% |
| 57 | 22.1% |
| 58 | 22.3% |
| 59 | 22.6% |
| 60 | 22.8% |
| 61 | 22.8% |
| 62 | 22.4% |
| 63 | 22.5% |
| 64 | 23.9% |
| 65 | 23.2% |

**TÁBLA C – Ceannach trí thagairt d'aois 60, rátaí ranníocaíochta tréimhsiúla**
[Tá na rátaí seo le feiceáil freisin i dTábla 11 d'Aguisín 1 le Ciorclán 0129/2006.]

| Aois ag an mbreithlá deiridh | Comhtháite (Rang A ÁSPC)* | |
|---|---|---|
| | % den ghlantuarastal | % den tuarastal comhlán |
| 21 | 0.77% | 0.09% |
| 22 | 0.80% | 0.10% |
| 23 | 0.83% | 0.10% |
| 24 | 0.85% | 0.11% |
| 25 | 0.88% | 0.11% |
| 26 | 0.91% | 0.11% |
| 27 | 0.94% | 0.11% |
| 28 | 0.96% | 0.12% |
| 29 | 0.99% | 0.12% |
| 30 | 1.00% | 0.12% |
| 31 | 1.03% | 0.13% |
| 32 | 1.06% | 0.13% |
| 33 | 1.08% | 0.14% |
| 34 | 1.11% | 0.14% |
| 35 | 1.13% | 0.14% |
| 36 | 1.15% | 0.15% |
| 37 | 1.18% | 0.15% |
| 38 | 1.21% | 0.16% |
| 39 | 1.24% | 0.17% |
| 40 | 1.27% | 0.17% |
| 41 | 1.30% | 0.18% |
| 42 | 1.37% | 0.19% |
| 43 | 1.46% | 0.20% |
| 44 | 1.55% | 0.21% |
| 45 | 1.66% | 0.23% |
| 46 | 1.78% | 0.25% |
| 47 | 1.93% | 0.27% |
| 48 | 2.09% | 0.29% |
| 49 | 2.29% | 0.32% |
| 50 | 2.52% | 0.35% |
| 51 | 2.81% | 0.39% |
| 52 | 3.17% | 0.45% |
| 53 | 3.63% | 0.51% |
| 54 | 4.24% | 0.60% |
| 55 | 5.10% | 0.73% |
| 56 | 6.38% | 0.92% |
| 57 | 8.53% | 1.23% |
| 58 | 12.81% | 1.86% |

FONÓTA : *Bíonn ranníocaíochtaí iníoctha ar Ghlantuarastal agus Tuarastal Comhlán araon. "Glantuarastal" =tuarastal comhlán lúide dhá oiread uasráta pearsanta an Phinsin Stáit (Ranníocach). (Baineann an fonóta seo le Tábla A thuas freisin.)

**TÁBLA D – Ceannach trí thagairt d'aois 60, rátaí ranníocaíochta cnapshuime**
[Tá na rátaí seo le feiceáil freisin i dTábla 12 d'Aguisín 1 le Ciorclán 0129/2006.]

| Aois ag an mbreithlá deiridh | Comhtháite (Rang A ÁSPC) |
|---|---|
| | % den thuarastal comhlán |
| 21 | 31.0% |
| 22 | 31.6% |
| 23 | 32.1% |
| 24 | 32.6% |
| 25 | 33.0% |
| 26 | 33.3% |
| 27 | 33.6% |
| 28 | 33.9% |
| 29 | 34.0% |
| 30 | 34.2% |
| 31 | 34.2% |
| 32 | 34.2% |
| 33 | 34.1% |
| 34 | 33.9% |
| 35 | 33.7% |
| 36 | 33.4% |
| 37 | 33.0% |
| 38 | 32.6% |
| 39 | 32.1% |
| 40 | 31.6% |
| 41 | 30.9% |
| 42 | 30.3% |
| 43 | 29.5% |
| 44 | 28.7% |
| 45 | 27.9% |
| 46 | 27.0% |
| 47 | 26.0% |
| 48 | 25.1% |
| 49 | 24.6% |
| 50 | 24.8% |
| 51 | 25.1% |
| 52 | 25.3% |
| 53 | 25.5% |
| 54 | 25.8% |
| 55 | 26.0% |
| 56 | 26.0% |
| 57 | 25.5% |
| 58 | 25.1% |
| 59 | 25.7% |
| 60 | 26.3% |

## AGUISÍN 3: SEIRBHÍS BHARÚLACH A CHEANNACH – TÁBLA D’FHACHTÓIRÍ LAGHDAITHE ACHTÚIREACHA

Tá dhá thábla san Aguisín 3 seo. Mar is léir ó na ceannteidil tábla;

- baineann an chéad tábla le cealú comhaontuithe chun **seirbhís a cheannach go dtí 65 bliain d'aois** ;
- baineann an dara tábla le cealú comhaontuithe chun **seirbhís a cheannach go dtí 60 bliain d'aois.**

Le haghaidh sonraí ar chásanna ina dteastaíonn úsáid na dtáblaí seo, féach ranna 14.10 agus 23.11 le do thoil.

| Fachtóirí laghdaithe achtúireacha a d’fhéadfadh a bheith i gceist nuair a chealófar comhaontú **ceannacháin go dtí 65 bliana d’aois** | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 30 | 22.9% | 50.7% |
| 31 | 23.6% | 51.7% |
| 32 | 24.4% | 52.8% |
| 33 | 25.2% | 53.8% |
| 34 | 26.0% | 54.9% |
| 35 | 26.9% | 55.9% |
| 36 | 27.8% | 57.0% |
| 37 | 28.7% | 58.2% |
| 38 | 29.7% | 59.3% |
| 39 | 30.8% | 60.5% |
| 40 | 31.8% | 61.7% |
| 41 | 33.0% | 62.9% |
| 42 | 34.2% | 64.1% |
| 43 | 35.5% | 65.4% |
| 44 | 36.8% | 66.7% |
| 45 | 38.2% | 68.0% |
| 46 | 39.7% | 69.3% |
| 47 | 41.3% | 70.6% |
| 48 | 43.0% | 72.0% |
| 49 | 44.8% | 73.4% |
| 50 | 46.7% | 74.8% |
| 51 | 48.7% | 76.3% |
| 52 | 50.8% | 77.8% |
| 53 | 53.1% | 79.3% |
| 54 | 55.6% | 80.8% |
| 55 | 58.2% | 82.4% |
| 56 | 61.1% | 84.0% |
| 57 | 64.1% | 85.6% |
| 58 | 67.4% | 87.3% |
| 59 | 71.0% | 89.0% |

| | | |
|---|---|---|
| 60 | 74.8% | 90.7% |
| 61 | 79.0% | 92.5% |
| 62 | 83.6% | 94.3% |
| 63 | 88.5% | 96.1% |
| 64 | 94.0% | 98.0% |
| 65 | 100.0% | 100.0% |

| Fachtóirí laghdaithe achtúireacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a chealófar comhaontú **ceannacháin go dtí 60 bliain d'aois** | | |
|---|---|---|
| **Aois ag an mbreithlá deiridh** | **Pinsean** | **Cnapshuim** |
| 30 | 30.6% | 55.7% |
| 31 | 31.6% | 56.8% |
| 32 | 32.6% | 57.9% |
| 33 | 33.6% | 59.0% |
| 34 | 34.7% | 60.2% |
| 35 | 35.9% | 61.4% |
| 36 | 37.1% | 62.6% |
| 37 | 38.4% | 63.8% |
| 38 | 39.7% | 65.1% |
| 39 | 41.1% | 66.4% |
| 40 | 42.5% | 67.7% |
| 41 | 44.1% | 69.0% |
| 42 | 45.7% | 70.4% |
| 43 | 47.4% | 71.8% |
| 44 | 49.2% | 73.2% |
| 45 | 51.1% | 74.6% |
| 46 | 53.1% | 76.1% |
| 47 | 55.2% | 77.6% |
| 48 | 57.4% | 79.1% |
| 49 | 59.8% | 80.7% |
| 50 | 62.4% | 82.2% |
| 51 | 65.1% | 83.9% |
| 52 | 67.9% | 85.5% |
| 53 | 71.0% | 87.2% |
| 54 | 74.3% | 88.9% |
| 55 | 77.8% | 90.7% |
| 56 | 81.6% | 92.4% |
| 57 | 85.7% | 94.3% |
| 58 | 90.1% | 96.1% |
| 59 | 94.8% | 98.0% |
| 60 | 100.0% | 100.0% |